

PLÉARÁCA 06

Foilsithe ag Pléaráca Teo ar ócáid na Féile

€4

Séamas Ó Cualáin

An Leabhar Mór

An Coimisinéir Teanga

An Naomh Bairbre

Aifric

TG4

Pleanáil



RTÉ RAIDÍO NA GAELTACHTA

www.rte.ie/rnag

92 - 94 FM & 102.7FM

Buíochas

Eagarthóir:
Peigi Ní Chonghaile

Fógraíocht:
Meta Uí Mháille

Buíochas:
Tá an t-eagarthóir buíoch do na daoine seo a thug cúnamh leis an ábhar a bhailiú agus a réiteach chomh maith le píosai a scríobh don iris: Meta Uí Mháille, Trevor Ó Clochartaigh, Séamas Ó Cualáin (Beannacht Dé lena Anam), Maidhc P. Ó Conaola, Tadhg Mac Dhonnagáin, Ciarán Ó Fátharta agus do Sheán Ó Cuirreáin agus Kate Uí Fhlatharta as ucht agallaimh a dhéanamh.

Buíochas do gach duine a thug grianghraif

Do Chiarán Ó Súilleabháin a rinne an leagan amach shliachtmhar ar an iris.

Do Europus a rinne an phrofáil.

Do thoireann Chlóidóirí Lurgan agus Micheál ó Braonáin.

Sí an t-eagarthóir atá freagrach as aon bhotún. Ní gá gur ionann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca Teo.

Táimid fíor bhuíoch do na fógróirí. Is fiú tacaíocht a thabhairt dóibh.

Coiste Oibre na Féile:

Meta Uí Mháille
Máire Treasa Ní Cheallaigh
Réamonn Ó Mainnín
Máire Uí Chonaola
Gearóid Ó Murchú
Tommy Cevan Ó Níaidh
Jackie Mac Donncha
Seán Ó Maidín
Peigi Ní Chonghaile
Máire Ní Chualáin
Patrick Ó Máille
Colm Ó Ceannabháin
Mattie Ó Níaidh
Rosaleen Ní Shuilleabháin
Anna Ní Fhlatharta

Tá Coiste Oibre na Féile buíoch do na daoine seo leanas a thug cúnamh agus tacaíocht:

Na ceoltóirí, ealaíontóirí agus scríbhneoirí uile atá ag glacadh páirts sa bhféile.

Niall Mac Eachmharaigh
Ceoltóirí Acla
Máirtín Tom Sheáinín
Mairéad Ní Chonaire
Neasa Ní Chualáin
Liam Mac an Iomaire
Muireann Ní Dhroighneáin
Ceara Conway
Rionach Uí Ógáin
Sile Denvir
Cló Iar-Chonnacht
Josie Sheáin Jealc
Áras Charna
Áras MhicDara
Nóirín Uí Shuilleabháin
Trevor Ó Clochartaigh
Colm Ó Méalóid
Risteard Mac Aodha
Aoife Casby
Tadhg Mac Dhonnagáin
Foireann Ionad Sláinte na Ceathrún Ruaidh
Foireann Leabharlainne na Ceathrún Ruaidh
Máire Ní Fhinneadha
Donncha Ó hEallaithe
Seosamh Ó Cuaig
Darach Ó Scolai
Seán Ó Cualáin
Connie Ní Fhatharta
Gormfhlaith Ní Thuairisg
Pádraig Ó Ráinne - TG4
An tAth Pádraig Consaidín
Isadora Ní Loingsigh, Europus
Áine de Bhaillís, Europus
Mattie Joe Shéamuís Ó Fátharta
Sarah Uí Mháille
Na Foirne Currach
Coistí Ionaid Lae Chonamara
An Spailpín Fánach
Seanscoil Sailearna
Máire Ní Neachtain
Paddy Barry
Beartla Ó Flatharta
Caomhán Ó Scolai
Na Moltóirí

Na tithe Ósta a thug urraíocht agus ar heagraíodh imeachtaí iontu.

Buíochas do Raidió na Gaeltachta as ucht an gcúnamh le poiblíocht

Príomh Urraithe na Féile:

Ealaín na Gaeltachta, Colmcille, An Chomhairle Ealaíon,
Comhairle Contae na Gaillimhe, Proiseact nan Ealan,
Éigse Éireann, Clár Críochnú Scoile.

PROISEACT NAN EALAN
The Gaelic Arts Agency



Clár na hIrise

- 2 Eagarfhocal
- 3 Cluiche
Dodhearmadtha 1939
Séamas Ó Cualáin
- 4 Ómós
Maidhc P. Ó Conaola
- 5 An Leabhar Mór
- 8 Bhí An Tír Seo Go Maith
Dúinn
Meta Uí Mháille
- 12 Arais Thar Sruth na
Maoile
Meta Uí Mháille
- 15 An Fear Teanga
Peigi Ní Chonghaile
- 19 An Naomh Bairbre
- 22 Clár na Féile
- 24 Imeachtaí na Féile
- 33 Aifric
Tadhg Mac Dhonnagáin
- 35 TG4
- 37 An Craiceann is a Luach
Trevor Ó Clochartaigh

An Clúdach: Patricia Ní
Fhatharta ag Féile 2005
(Pic John Carlos)

Eagarfhocal

Tá an t-uafás cainte dá dhéanamh faoi láthair maidir le hacmhainní fuinnimh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá súil ghéar dá coinneáil ar an laráin féachaint céard atá siad a dhéanamh leis an gcumhacht núicléach atá said a fhorbairt. Tá tuairiscí dá dtabhairt go bhfuil na soláthairtí ola agus gáis ar fud an domhain ag fáil gann agus go bhfuil sé thar am soláthartí fuinnimh eile a aimsiú ag úsáid foinsí nádúrtha ar nós teas na gréine chomh maith le cumhacht na gaoithe agus na farraige. Ar ndóigh tá an dochar atá dá dhéanamh do atmasféar an domhain ag breosláir ar nós ola agus gual rianaithe go maith anois agus práinn mhór leis go ndéanfaí forbairt ar fhoinsí fuinnimh nach bhfuil chun níos mó dochair a dhéanamh don timpeallacht.

Níos gaire do bhaile anseo i gConamara, tá muid fós ag brath go mór ar an leictreachas agus is gearr go mbeidh an soláthar sin ina ábhar diospóireachta arís. I dtús na bliana seo, diúltaíodh de iarratas pleanála a bhí déanta ag Bord Soláthar an Leictreachais chun cábla nua a chuir as Gaillimh trasna an tsléibhe trí Sheanaphéistín go Camus áit a mbeadh fo-stáisiún cumhachta nua lonnaithe. Faoi láthair is líne cumhachta 38kv atá ag soláthar cumhachta do Chonamara. Deireann BSL nach bhfuil an líne seo sách cumhachtach anois chun an t-éileamh fuinnimh atá i gConamara a sheasamh. Tá an oiread sin tithe nua dá dtógáil agus tionscail nua bunaithe ag brath ar chumhacht leictreachais. Tá an BSL ag iarraidh líne 110kv a chuir trasna go Camus chun an soláthar a bheas riachtanach do Chonamara sna blianta atá romhainn a chur ar fáil. Teastaíonn i bhfad níos mó pollaí chun an líne seo a iompar agus ní chóir go mbeadh sé gar do thithe cónaí. Ní dóigh go bhfuil éinne ann a chuirfeadh in aghaidh na hargóna go bhfuil an chumhacht bhreise seo ag teastáil. Ach tá daoine nach bhfuil sásta le plean an BhSL. Tá cuid de

mhuintir Sheanaphéistín imníoch go bhfuil na cáblaí ag teacht ró-ghar dá gcuid tithe agus tá cuid de mhuintir Chamuis mí-shásta go mbeidh na cáblaí agus an fo-stáisiún nua ag cur as do cheantar áilleachta sléibhe. Tá chaon dream díomach do BhSL nár tháinig said chun cainte leis na pobail éagsúla sular leag siad amach an phlean nua seo. Fiú amháin nuair a heagraíodh cruinniú i nGaillimh i dtús an tSamhraidh seo chun na himpleachtaí maidir le diúltú an phlean seo a phlé, is polaiteoirí a fuair cuireadh ann. Ní fhuair na daoine a bhfuil imní orthu faoin bhforbairt cuireadh. Tá BSL chun cead a lorg arís go luath don chábala seo. Tá súil go ngabhfáidh siad i dteagmháil leis na dreamanna nó na pobail éagsúla a bhfuil imní orthu faoin gcábala nua cumhachtach seo? Nach bhféadfadh said breathnú ar mhodhanna eile chun an cábla seo a thabhairt trasna go Conamara? Céard faoi é a chuir faoin talamh? Deireann BSL nach féidir é seo a dhéanamh. Dúirt Mattie Ó Níaidh liom, fear a chaith 35bliain ag obair don BSL gur dúradh sna seachtóidí nuair a bhí soláthar leictreachais dá chur ar fáil in Árann nach bhféadfaí cábla a chuir faoin bhfarraige. Tá cábla curtha sa bhfarraige ó thús na nochaidí amach ón gCeathrú Rua go hInis Mór.

B'fhéidir go dtógfadh sé níos mó ama an cábla a chuir faoi thalamh ach nach fiú é sin má chiallaíonn sé nach gcuirfidh sé as do dhuine ná don timpeallacht. Más plean é seo chun an soláthar fuinnimh a chuir ar fáil do Chonamara atá agus a bheas riachtanach sna blianta atá romhainn, is gá do BhSL breathnú rompu agus straitéis fadthéarmach a chuir i bhfeidhim. Mar chuid de seo ba chóir dóibh dul i gcomhairle leis na pobail a bhfuil imní orthu faoin bplean agus freisin breathnú ar na féidearthachtaí uilig chun an cábla nua seo a thabhairt go Conamara, ní díreach an ceann is sciobtha agus is gearrthéarmaigh, Cuimhneodh said ar Árann agus an cábla faoin bhfarraige!

I chuile eagrán den iris bhliantúil Pléaraca, ó foilsíodh an chéad cheann i 1991, bhí alt ann ag Séamas Ó Cualáin faoi chluichí móra peile agus iománaíochta ar fhreastal sé féin orthu. Bhásaigh Séamas roinnt seachtain ó shoin. Cé nach raibh sé ag aireachtáil go maith sa samhradh, bhí sé ag obair ar an alt seo agus d'iarr a mhac Ciarán orainn é a fhoilsiú mar go b'shin a bheadh a athair a iarraidh. Is léargas eile ar dhúthracht Shéamais i chuile rud a raibh plé aige leis, an tslacht agus an t-eolas a chuir sé isteach san alt agus tá an paisean a bhí aige don imirt ar an bpáirc peile ag léimt amach as an scribhneoireacht. Aireoidh muid uainn Séamas go mór. Tá súil againn go bhfuil diaspoireachtaí móra aige sna Flaithis leis na laochra peile sin a raibh an oiread sin mórtais aige astu agus má théann siad i muinín an phinn, nach mbeidh sé ró-ghéar orthu ó thaobh na gramadaí de. Déanann muid comhbhrón lena mhac Ciarán, a iníon Máire agus a chuid gaolta agus cairde go léir.

CLUICHE DODHEARMADTHA 1939

le SÉAMAS Ó CUALÁIN

Ba chorrach an saol a bhí ann an tríú lá de Mheán Fómhair 1939, ach níor chuir tús an chogaidh dhomhnda idir an Ghearmáin is Sasana ná an roilleadh báistí as domsa ná do na mílte eile a ghabh an tráthnóna sin trí shráideanna Bhaile Átha Cliath ar a mbealach go Cluiche Ceannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh. Na "sean-naimhde" iomána, Corcaigh is Cill Chainnigh, a bhí á bhféachaint féin arís le seilbh a fháil ar Chorn Mhic Chárthaigh. Ba é an naoú huair don dís bualadh le chéile sa bhabhta deiridh agus go nuige seo bhí an chreach roinnte go cothrom eatartha. Agus ó tharla gur bhuaigh siad araon an Chraobh aon uair dhéag ar fad ba é seo "báire na fola".

Rinne sé aiteall roimh an gcluiche mór agus bhí grian bháite an fhómhair ag iarraidh briseadh trína néalta dubha dorcha gruama. Nuair a chuir an réiteoir, Séamas Ó Flatharta, tús leis an gcluiche d'ionsaigh na Laighnigh le díocas, ach cuireadh ar gcúl iad agus tógadh gártha glóracha nuair a d'aimsigh an Súilleabhánach an sliotar agus ó thríocha slat amach ghread go hábailta aclaí é i dtreo chuaillí Chill Chainnigh. Ach ar an drochuair chuaigh an t-urchar folamh.

Ba ghearr ina dhiaidh gur cheap fear do-ghabhála Chill Chainnigh, Séamas Langtún, an sliotar, shleamhnaigh sé isteach ar nós míol Márta, bhuaigh go héasca ealaíonta faoi dhéin na cearnóige agus i bhfáiththeadh na súl bhí an liathróid go domhain san eangach ag Séamas Ó Faoláin.

Throid na Corcaigh go dána dásachtach, ach feanc níor baineadh as cosantóirí cróga críonna Chill Chainnigh agus bhí na Laighnigh tuilleadh chun cinn le cúilín ón Langtúnach. Anois rinne na Muimhnigh tréanriacht agus le comhimirt idir

Liam Mac Cathmhaoil agus an Buachallach chuir an Duinníneach cúilín breá amach. Ach ba bheag é éifeacht an scóir sin nuair a fuair an Langtúnach cúilín eile do Chill Chainnigh ó saorphoc.

Níor thúsce an sliotar buailte amach ná chuaigh gaiscigh na Mumhan i gceann oibre. Sheol an Buachallach an liathróid chuig Micheál Ó Braonáin a d'aimsigh an Súilleabhánach ó Mhainistir na Corann agus d'ardaigh seisean meanma na gCorcaíoch nuair a chuir sé an bhratach uaine ar foluain go buacach.

Nearthaigh ar an gcomhlann anois agus tháinig ar shála a chéile scóranna a chuir an lucht féachana i mbarr a gcéille le lúcháir.

Gar do leath ama tháinig na Laighnigh go cíocrach craosach, chuir an Laoitheach an sliotar go dtí an Langtúnach, uaidh sin go Séamas Ó Maolchathaigh agus isteach go gleoite go dtí an chearnóg mar ar léim an Brianach go glan oscartha agus scinn an liathróid isteach sa líon – rud a d'fhág sé chúilín d'fharasbarr (2-4 do 1-1) ag Cill Chainnigh ag am sosa.

Go luath sa dara leath chuir an Laoitheach luaineach na dea-fhir ó bhruacha na Feorach seacht gcúilín chun tosaigh. Bhí scamail mhóra mhillteacha bhagracha ag bailiú os cionn mhachaire an choimheascair nuair a chaith na Corcaigh iad féin ar a "naimhde". Stop an Lorcánach an fogha fíochmhar ach ar ais leis na Muimhnigh arís – L. Tabb chuig R. Ó Rinn trasna go Seán Ó Loinsigh a chuir an buille abhaile le neart a choirp. Cúl do Chorcaigh!

Bhéic an slua, phléasc an tóirneach, scal na lasracha agus thit an bháisteach ina tuille. Ach níor ghoill seo blas ar dhíograis na bhfear iomána. Cúilín eile do Chorcaigh ón Súilleabhánach agus gan ach cúl

breise anois ag Cill Chainnigh. Chuir S. Ó Faoláin cúilín eile leis sin do na Laighnigh agus bhí scór dá shamhail ag an Loinseach, a bhí dochloíte i lár báire do fhorgla na Mumhan.

Go grod dá éis tugadh saorphuc slat is fiche do Chorcaigh. Chinn an Loinseach ar chúl a fháil agus na scóranna a chothromú ach ní raibh i ndán dó ach saorphoc seachtó slat. Toghadh Mac Cathmhaoil leis an mbuille rí-thábhachtach seo a thógáil. Chrom, bhuaigh is dhírigh sé an liathróid ar nós piléir isteach go béal báire. Tharraing na hiománaithe go gonta gusmhar agus cluineadh gíoscán caol ceolmhar na fuinseoige ar fud na faiche. Bhí an sliotar i gcúl na heangaí agus murar lig lucht leanúna Chorcaigh scód lena spleodar ní

lá go maidin é!

Bhí an lasóg sa bharrach anois agus níorbh fhiú trácht ar a raibh d'am fágtha – nóiméad ar a mhéad. In amas anamúil d'aimsigh fir Chill Chainnigh saorphoc seachtó slat. Fágadh seo faoi théinní na gcéadta cath – Pádraig Ó Faoláin ó Thulach Uí Ruáin. Choinnigh sé guaim air féin, chiúinigh an t-ollslua agus bhuaigh sé le fuinneamh. Ach loic an sliotar stolptha spadánta agus thit sé go righin réchúiseach i bhfad ón sprioc.

Amach le cúlaithe Chorcaigh leis an gcontúirt a mhaolú ach tháinig gan choinne Séamas Ó Ceallaigh mar a bheadh scail ann, agus le béim bheoga bhríomhar chuir sé an liathróid thar an dtrasnán.

Bhí an cath briste agus an chreach tógtha ag na Laighnigh.

An fhaid is a bhéas meas ar chluiche ársa ár sinsir tráchtfar go máiteach mórtasach ar mhórgníomhartha bháireoirí Chill Chainnigh is Chorcaigh an lá stairiúil úd cois Life.

Séamas Ó Cualáin

Is deacair a rá cén áit ar cheart do dhuine tosú ag caint faoi Shéamas Ó Cualáin nó Séamas Mhicilín mar ab fhearr aithne air. Ba duine fíor chumasach a bhí ann ar go leor bealaí. Chuireas féin aithne mhaith air tar éis dó ballraíocht a ghlacadh i gCoiste na gCuracháí i ndeireadh na seachtóidí. Ba múinteoir bunscoile, scoláire, scríbhneoir cumasach agus léachtaí breá a bhí ann. Ba é a ghlac freagracht ar Chlár Leabhar 'Aonach Ceoil agus Curacháí' ó lár na n'ochtóidí agus ba bheag leisce a bhí air an t-airgead fógraíochta a bhailiú, alt nó dhó a scríobh, an leabhar a chur i dtoll a chéile agus ansin na leabhráin a dhíol sna siopaí ina dhiaidh sin. D'oibrigh sé crua agus bhíodh casán dearg déanta siar chuig Clodóirí Lurgan aige laethanta sul a bhfoillseofaí an leabhrán chun profaí a léamh agus na botúin ghradaí a cheartú..

Ba spóirtúil an duine a bhí ann. Bhí an-acmhainn ar an ngeann aige agus thaitnigh píosaí spraoi thart cionn leis. Bhí tóir aige ar na crosfhocail agus ba nós leis ar Dhomhnaigh fada Geimhridh, An 'Foclóir Beag' a tharraingt chuige féin agus tabhairt faoin gcrosfhocal sa bpáipéar 'Foinse'. Dhéanfainn féin corrúair freisin é agus chuirfinn glaoh air i ndeireadh an lae ansin chun cupla focal nach raibh agam féin a mhealladh uaidh. Níor eitigh sé riamh mé cé go ndéarfadh sé go spraoiúil go raibh an bheirt againn ag coimhlint don duais chéanna.

Uair ar bith a dtéinn ar cuairt chuige bhíodh neart seanchais aige faoi laethanta a óige agus ba aoibhinn liom bheith ag éisteacht leis. Leagfadh sé amach buidéal fuisce ar an mbord agus ansin thosaíodh sé ag caint ar na sean laethanta – nuair a bhí sé i gColáiste Chaoimhín i mBaile Átha Cliath, ina dhiaidh sin i gColáiste Éinde i nGaillimh agus ina dhiaidh sin fós i gColáiste Phádraig, i mBaile Átha Cliath áit ar h-oileadh ina mhúinteoir scoile é i 1944.

Ar ndóigh ní gá a rá go raibh a chroí is a anam i gcúrsaí peile agus iománaíochta ar feadh a shaoil, go háirithe i bpeileadóirí agus in iománaíthe na Gaillimhe. Mhairfeadh sé ag caint orthu agus leanfadh sé go



féiltiúil iad ar fud na tíre nó gur chlis a shláinte faoi dheireadh. Ba cairde leis na peileadóirí móra a bhua Craobh na hÉireann le Gaillimh i 1956 agus a d'imigh ar shlí na fírinne le bliain anuas, Jack Mahon, Seán Purcell agus Mattie McDonagh. Ba dlúth chairde leis freisin Gary agus Ritchie Fahy agus Kevin Walsh a bhua Craobh na hÉireann le Gaillimh i '98 agus 2001 mar go deimhin ba é féin a mhúin iad nuair a fuair sé post múinteora i gCill Ainín i 1975.

Ach bhí suim aige i spóirteanna eile freisin. Bhí an-chur amach aige ar éachtaí an t-sáirimreora liathróid láimhe - Pádraig Mac Donnchadha nó Peait na Máistreasa as an Droim, Leitir Mór agus chuir Séamas Comórtas Bailéad Nuachumtha ar bun ina onóir i 1984. D'éirigh thar cionn leis an gcomórtas agus cumadh 22 bailéad ar fad. Scríobh Séamas cuntas breá ar an laoch imeartha liathróid láimhe freisin de bhrí nach raibh an oiread sin cuimhne air i gConamara ag an am. De réir cosúlachta ba sna Stáit

Aontaithe ba mhó a bhain Peait na Máistreasa cáil amach leis an liathróid láimhe.

Thaitnigh an dornálaíocht freisin leis agus chuirfeadh sé síos go minic dhom ar dhornálaí mór an Spidéil, Máirtín Ó Droighneáin nó Máirtín Thornton mar ab fhearr aithne air. Dúirt Séamas go bé féin an t-aon duine ón Spidéal a bhí i láthair i Siopa Chlery i Sráid Uí Chonaill ar an 19ú Samhain 1943, nuair a mheáigh Máirtín agus Woodcock iad thein sular thugadar aghaidh ar a chéile sa Theatre Royal ní ba dheireanaí an oíche sin.

Nuair a cháiligh Séamas ina mhúinteoir scoile ba ar Churach Chill Dara a thug sé a aghaidh i dtosach. As sin chuaigh sé go Cill Rois, Co. an Chláir sular chroch se a sheolta go Co. Longfort. Chaith sé seacht mbliana fíchead i mBaile Nua an Chaisil ó 1947 go dtí 1974 agus bhí an-mheas air ann. Ba ansin a chuir sé tús le Comórtas Peile eadarchlub a sheas ó 1956 go dtí lár na seachtóidí. Is mór i gceist an


comórtas eadarchlub a reachtáileann an Cumann Lúthchleas Gael anois ach ba é Séamas a chuir tús leis an gcineál seo comórtais i lár na gcaoga daí. Thagadh foirne chuige ó Chlubanna cáiliúla ar fud na tíre agus go dtí an lá atá inniu ann labhrann imreoirí ar dhíogras, ar fhlaithiúlacht agus ar chumas riaracháin an Chualánaigh. Ní hiontas ar bith é go raibh nóiméad ciúinis ina onóir i bPáirc an Chrócaigh ar an Domhnach ar imir Maigh Eo in aghaidh Bhaile Átha Cliath le gairid.

Bhí Proinsias Ó Ceallaigh, chauffeur agus cara mór le Séamas as Baile Liam sa Spidéal ag rá liom gur thug sé Séamus suas go dtí Baile Nua an Chaisil cupla bliain ó shin agus gur cuireadh na múrtha fáilte rompu thuas ann. D'inis sé freisin dom go raibh baint ag Séamas leis an gcéad ghrúpscéim uisce sa tír thuas ansin.

Tá súil agam go bhfoillseofar na haistí agus na píosaí breátha cainte a scríobh agus a réitigh Séamas le dúthracht do irisí agus do ócáidí faoi leith. Ba mhaith liom freisin go mbuanófaí a ainm amach anseo ionas nach ligfí i ndearmad an obair a rinne sé agus an cumas a bhí ann. Nuair a bhronn Plearáca Chonamara gradam an Phlearáca ar Shéamas i 2004 chuir sé litir chugam., Tiger Woods a dó (nó a trí) a scríobh sé ar an gclúdach litreach ó tharla go n-imrínn beagán den chluiche sin a imríonn Tiger. Dúirt sé sa gcárta 'tá an chorr éisc ar charraig dhaingean láidir agam anois go ceann bliana. Go gcuire Dia an t-ádh oraibh ar fad agus go mbeirimid beo ar an am seo arís'.

Bhí sé fíor bhródúil as an gcorr éisc chéanna agus muide bródúil dá réir go raibh an gradam faighte aige. Ach d'imigh an chorr éisc tar éis bliana. D'imeodh Séamas freisin go gairid ina dhiaidh sin. Sin é an saol agus nádúr an tsaoil. Mar adeir an t-amhrán 'níl ann sa deireadh ach mar an cheo'. 'Maireann an chraobh ar an bhfál ach ní maireann an lámh a chuir'. Aireoidh muid uainn é. Go ndéana Dia grásta ar a anam uasal gaelach.

M. P. Ó Conaola.



An Leabhar Mór

I rith Féile Phlearáca na bliana seo, cloisfear go leor cainte ar An Leabhar Mór. Beidh Taispeántas An Leabhar Mór againn. Beidh seó stáitse againn *Saile* ag déanamh ceiliúradh ar an Leabhar Mór agus beidh imeachtaí litríochta agus ealaíne ar bun sna scoileanna ceangailte leis An Leabhar Mór – ach céard é féin? Cé as ar tháinig An Leabhar Mór?

I 2002, d'fhoilsigh Proiseact na nEalan in Albain *An Leabhar Mórtaoi* eagarthóireacht Malcolm Mac Lean agus Theo Dorgan. Siad lámhscríbhinní ársa na manach a bhí mar ionspioráid do *An Leabhar Móra* bhfuil Leabhar Cheannanaís na 21ú Aoise baistithe anois air. Sa saothar seo tá 100 píosa filíochta i nGaeilge agus i nGáidhlig a scríobhadh sa tréimhse ó 600A.D. go dtí 2002. Le gach píosa filíochta tá saothar físealaíne cruthaithe ag 100 ealaíontóir agus d'oibrigh foireann beag peannairí (Calligraphers) leo seo chun cuid den véarsaíocht/filíocht a ghreannadh

isteach sna saothair ealaíne. Is seod í an Leabhar Mór a bhfuil am agus allas caite léi chun ealaín scríofa agus ealaín béil na bpobail Ghaelacha in Éirinn agus in Albain a cheiliúradh. Tríd an nasc atá déanta le na físe-ealaíona, tá an fhilíocht Ghaelach seo oscailte

suas do phobal níos leithne nó do phobal uiledhomhanda. Is pribhléid dúinne i gConamara go bhfuil ard-shaothar na bhfíse-ealaíontóirí seo le teacht inár measc ar feadh seal. Ar bhealach d'fhéadfá a rá gur píosa ealaíne orgánach é *An Leabhar Mór*





mar go bhfuil an oiread sin imeachtaí agus táirgí eile tagtha uaidh - taispeántais, cláracha raidió agus teilifíse, DVD (Is Mise an Teanga), pacáiste oideachais do scoileanna agus níl deireadh fós leis.

I mbliana 2006, tá na píosaí ealaíne a cruthaíodh do *An Leabhar Mór* dá gcur ar taispeántas i bpobail éagsúla ar fud na hÉireann. Beidh an taispeántas seo i gConamara idir 30 Meán Fómhair – 7 Deireadh Fómhair faoi chúram Phléaráca. Beidh na saothair ealaíne, a bhfuil 100 píosa díobh ann, roinnte idir chúig ionad:

1. Leabharlann an Spidéil;
2. Leabharlann na Ceathrún Ruaidh;
3. Ionad Chomhar Chuigéil, Leitir Mealláin;
4. Coláiste an Phiarsaigh, Rosmuc;
5. Áras Charna.

Seoladh Taispeántas An Leabhar Mór –

RTE RnaG Cúrsaí an Lae 29 Meán Fómhair ag 9.15r.n.

De bhrí go bhfuil an taispeántas seo roinnte idir chúig ionad, bhí sé deacair againn a roghnú cén chaoi a seolfadh muid é. D'iarr muid cúnamh ar Raidió na Gaeltachta agus níor eitigh siad muid. Beidh Taispeántas An Leabhar Mór dá sheoladh ar Raidió na Gaeltachta ar chlár **Cúrsaí an Lae** le Neasa Ní Chualáin ar maidin Dé hAoine 29 Meán Fómhair ag 9.15. Beidh ceangal raidió dá chruthú idir na hionaid ar fad agus sé **Liam Mac an Iomaire** a dhéanfas an seoladh. Chomh maith leis sin, beidh neart ceoil, amhráin agus plé ar An Leabhar mór. Tiúnáilí isteach!!!!

Ionaid Taispeántas An Leabhar Mór

- Ionad Chomhar Chuigéil, Leitir Mealláin;
- Áras Charna.
- Coláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh, Rosmuc
- Leabharlann na Ceathrún Ruaidh;
- Leabharlann an Spidéil

An Leabhar Mór sna Scoileanna

Tá an file **Colette Nic Aodha** ag déanamh tréimhse cónaitheach le trí scoil

agus an obair seo ar fad ceangailte leis An Leabhar Mór – Gairmscoil an Phiarsaigh, Rosmuc; Coláiste Cholmcille, Indreabhán agus Scoil Iognáid i nGaillimh. Tá tús curtha ag Colette lena cuid oibre ón Luan 18ú Meán Fómhair agus beidh sí ag críochnú suas seachtain na Féile. Siad **Proiseact na nEalaín** agus **Éigse Éireann** atá ag déanamh maoiniú ar na tréimhsí cónaitheacha seo.

I rith seachtain na féile, tá ealaíontóir eile **Ursula Ní Mhuirí** ag cur tús le tréimhse cónaitheach i scoileanna Cheantar na nOileán. Beidh gasúir scoile an cheantair ag obair le Ursula ag cruthú píosaí ealaíne bunaithe ar a gcuid amhráin agus filíochta féin – díreach mar atá sa Leabhar Mór.

Leanfaidh an obair seo ar aghaidh go Nollaig. **Ealaín na Gaeltachta** agus **An Clár Críochnú Scoile** atá ag maoiniú na hoibre seo.

Sáile

Seó Beo ag ceiliúradh An Leabhar Mór



Caitlín Ní Chualáin agus Macdara ó Fátharta

Seanscoil Sailearna Aoine/Satharn 6ú /7ú Deireadh Fómhair

Macdara ó Fátharta, Mairi Smith, Caitlín Ní Chualáin, Síle Denvir, Alastair Caimbeul, Sonia Ní Oibicín, Griogair Labhruidh, Jayne McLeod, Doiminc Mac Giolla Bhríde, Johnny Óg Connolly, Jimmy Ó Ceannabháin, Helen Chóil Mhóir

Maoinithe ag Colmcille, An Chomhairle Ealaíon

colmcille
ÉIRINN 's ALBA

Tá urraíocht mhór déanta ag Colmcille ar *An Leabhar Mór* ó foilsíodh é i 2002.



“Bhí An Tír Seo Go Maith Dúinn”



Tá Kate Uí Fhlatharta nó Kate Phádraic Rua ina cónaí in Adelaide na hAstráile ó chaogaidí an chéid seo caite. Le linn di a bheith san Astráil i dtús na bliana seo, thug **Meta Uí Mháille** cuairt uirthi.

Chloisféa go minic mar a bhí an saol ag an dream a chuaigh ar imirce go Meiriceá agus go Sasana agus b'fhéidir an dream a chuaigh go Sydney agus Melbourne, ach ní minic a chloiseann muid faoi an dream a chuaigh go háiteacha mar South Australia ar na visas speisialta sna blianta siar. Duine acu sin í Kate Uí Fhlatharta nó Kate Ní Chonfhaola roimh pósadh di. As an Tuairín ó dhúchas í agus tá cónaí anois uirthi i Salisbury thart ar uair a chloig ó chathair Adelaide. Le linn dom a bheith san Astráil ag tús na bliana thug mé cuairt ar Adelaide ar chuireadh ó Khate.

Chas muid freisin le beirt dá clann, Liz agus Mary. Chaith muid oíche le Liz, a fear Steve agus a gceathrar clainne, Tom,

Emilie, Patrick agus Rachel. Tá a gclann an-Aussie ag breathnú – tanáilte, fionn, ard agus ar ndóigh tá canúint na hAstráile go láidir orthu. Rud amháin a thug said óna mamó ná grá don fharraige agus ní bheadh sé sin deacair, mar tá said ina gcónaí ar bhruach na farraige os cionn trá álainn ciúin Cuan Port Naorlunga. Bhí mé rá le Kate gur dócha gurb í fhéin a bhaist an t-ainm seo air i ndiaidh Cuan na Loinge i mBéal a' Daingin. Más seoltóireacht, snámh, iascach, surfáil nó *sailboarding* atá uait seo é an áit le bheith. Níl an Burosa agus an Clare Valley i bhfad uathu, ceann de na ceantair a bhfuil an-cháil air ó thaobh fiona. Thug Liz ar thuras timpeall an cheantair seo muid. Ba mhaith le Liz, a deir sí, a clann a thabhairt go Conamara ar

feadh bliana le go gcuirfeadh said eolas ar a ngaolta agus ar chultúr a muintire. Tá sí ag iarraidh teacht ar chlann a mbeadh suim acu teach a mhalartú léi ar feadh bliana. Chaith muid tráthnóna le Mary freisin. Tá Mary ag obair leis na *flying doctors* agus caitheann sí cuid mhaith ama i gceantair iargúlta ag obair le muintir dúchasach na hAstráile. Tá tréimhsí caite ag obair aici freisin in áiteacha éagsúla san Afraic agus san Áise.

Nuair a bhí Kate ag fás suas sa Tuairín, bhí sí ar an duine ab óige de dheichniúr clainne. Tá a deirfiúr Baba ina cónaí i Leitir Mucú, tá deirfiúr eile Nellie i Nua Eabhrac agus tá an chuid eile den chlann anois ar Shlí na Firinne.

Seo mar a chuir Kate síos dom ar a hóige:

“Chaith mé chuid mhaith ama ag iascach in éineacht le m'athair, théadh muid amach ag cur líonta agus bhíodh beirt ag teastáil chun an obair sin a dhéanamh. Bhíodh go leor iascach á dhéanamh nuair a bhí mise óg. Níl a fhios agam ar thaithin sé liom ach bhí sé le déanamh, ba mise ba óige sa gclann agus bhí an dream eile imithe as baile, mar a rinne chuile dhuine sa mbaile ag an am chomh luath is a bhí said in aois imeachta. Chuaigh go leor acu go Meiriceá agus go Sasana. Is iomaí móin-chaladh a tharraing mé agus bád a luchtai mé nuair a bhíodh móin á rith go hÁrainn. Bhíodh ceathair nó cúig de bháid tarraingthe le balla, ceann taobh amuigh den cheann eile agus má bhí an bád a bhí le luchtú ar an gceann ba faide amuigh, chuirte planc trasna ó bhád go bád le siúl amach air. Bhí sé sin ceart go leor dá mbeadh sé ciúin ach mura raibh bhí sé deacair do chois a choinneáil agus cliabh mhóna ort a siúl ar an bplanc. Bhíodh feamainn agus aoileach le tarraingt i gcomhar leasú san Earrach. Bhíodh chuile ní i gcomhar na bliana le cur, fatai glasraí agus chuile shórt.

Bhíodh chuile theach ag bleán bheithigh. Bhíodh cearca, lachain agus

géabha i chuile theach freisin. Tá athrí mór tagtha ar an mbaile anois. Tá tithe breátha ag chuile dhuine, buíochas le Dia agus neart de chuile shórt. Sé an rud is mó a chuir iontas orm nuair a bhí mé sa mbaile an chaoi a bhfuil an talamh imithe i bhfiántas. Nuair a bhí mise ag fás suas bhí chuile dhuine ag brath ar an talamh agus ní bhfuair tom luachair, neantóg ná dris seans a gcloigeann a chuir aníos.

Chuaigh mé go Sasana le linn an chogaidh. Go Huddersfield a chuaigh mé i dtosach mar is ann a bhí mo dheirfiúr Nellie. Ó thaobh oibre de bhí ar gach bean dul isteach sa land army nó dul ag obair ar na busanna. Bhí mé ag ceapadh go raibh mo dhóthain den talamh agam mar sin chuaigh mé ag obair mar conductor ar na busanna. Fir a bhíodh ag obair sna mianaigh guail is mó a bhíodh ag taisteal ar na busanna. Ba iad an dream céanna a bhíodh ag taisteal mórán i gcónaí agus chuir mé aithne mhaith ar go leor acu. Bhíodh said ag insint dom faoin obair agus faoin saol sna mianaigh faoi thalamh. Bhínn i gcónaí ag iarraidh a shamhlú cén chaoi a raibh na mianaigh. Ar aon nós rinne said socrú dom dul síos i mianach agus é a fheiceáil dom féin, agus caithfidh mé a rá gur rud é a gcuimhnim go minic air. Bhíodh an obair sna mianaigh an-chrua agus contúirteach ach ba bheag trua ná inni a chuir sé ar dhreamanna eile a bhíodh ag taisteal ar na busanna. Bhíodh na fir dubh, a gcuid éadaí agus a n-éadan ag an ngual. Bhíodh dream eile a bhíodh ag taisteal ag clamhsán nár cheart mianadóirí a ligean isteach ar na busanna ar chor ar bith mar go raibh said chomh salach. Ba chuma leo cé chomh crua agus a bhí an obair ach compord a bheith acu féin. Chuir an dearcadh sin as go mór dom.

Chuaigh mo dheirfiúr Nellie go Londain agus dúirt mise go rachainn go Londain freisin. Bhí Nellie pósta ag fear de mhuintir Chonaire as Tír an Fhia agus chuaigh said go Nua Eabhrac cúpla bliain

ina dhiaidh sin. Ní ró-fhada a bhí mé i Londain nuair a casadh Paddy orm, Paddy Dan Ó Flatharta as an gCeathrú Rua. Bhí Paddy ar ais i Londain tar éis roinnt blianta a chaitheamh le harm Shasana, i Dunkirk sa mBeilg i measc áiteacha eile, áit ar gortaíodh é agus a raibh sé ar iarraidh ar feadh sé mhí agus é ceapaithe a bheith marbh. Phós muid i Londain i 1947. Rugadh an bheirt is sine, Danny agus Michael ansin. Bhí neart oibre i Londain tar éis an chogaidh ach bhí candáil ar siúl i gcónaí agus bhí chuile rud gann. Bhí sé ar intinn againn dul go Ceanada. Bhí fonn mór orm féin dul go Ceanada mar bhí mo dheirfiúr Annie ansin. Ní raibh mise ach ceithre bliana d'aois nuair a chuaigh Annie go Ceanada, ní raibh aon chuimhne agam uirthi agus bhí mé ag iarraidh í a fheiceáil. Níor éirigh linn dul go Ceanada. Shocraigh muid ansin cuir isteach ar visa le dul go dtí an Astráil. Bhí go leor ag dul amach ag an am, bhí tú in-ann paisinéireacht a fháil ar dheich bpunt ach bheadh ort conradh dhá bhliain a shiniú. Ní bheadh aon tuairisc tugtha duit roimh ré cén áit sa Astráil a gcuirfí tú. D'fhág muid Tilbury Docks ar an 6 Feabhra 1952, bhí Danny ceithre bliana agus Michael dhá bhliain d'aois. Sin é an lá céanna a bhásaigh an rí. Bhí muid ag fágáil ó chaladh amach nuair a tháinig an scéala amach go raibh Rí Shasana tar éis bháis.

Bhí an bád go breá. Seanlong cogaidh a bhí cóirithe agus feistithe amach le haghaidh paisinéirí. Bhí cuid mhaith de na báid seo a bhí ag déanamh an obair chéanna, bhí go leor imircigh ag dul go dtí an Astráil ag an am. D'fhág long eile lán le paisinéirí Tilbury Docks an lá céanna. Bhí clann amháin as Ros Comáin a casadh orainn ar an mbád, bhí ceathrar gasúir acu. Ba as Béal Feirste agus áiteacha eile i dtuaisceart na hÉireann go leor eile. Bhí Sasanaigh agus Albanaigh uirthi chomh maith. Bhí an-eagar ó thaobh an turas a dhéanamh chomh compordach agus ab fhéidir. Bhí imeachtaí eagraithe do na



**Adelaide
an lae
inniu**

gasúir i rith an lae. Bhí an bheatha blasta agus neart de ann, b'iontach an t-athrú é seo mar bhí bia úr an-ghann i Londain ag an am. San oíche ansin bhíodh na mná agus na gasúir ar fad le chéile i gcábán mór amháin ach bhí leaba ag chuile dhuine, agus bhí na fir ar fad le chéile i gcábán eile.

Cheithre seachtainí a bhí sé ceapaithe a thógadh an turas, ach de bharr go ndeachaigh an báid trí thine thóg sé sé seachtainí. I mBá Aden a bhí muid nuair a tharla sé seo, rud éicint sa seomra innill ba cúis leis an tine. Cuireadh scéal amach ag báid a bhí sa limistéar a theacht i gcabhair orainn. Bhí go leor againn thuas ar deic. Bhí mé fhéin agus Paddy agus na gasúir fáiscithe linn againn ag fanacht is ag fanacht agus ag súil go dtiocfadh báid eicint i gcabhair orainn. Bhí dream eile thíos faoin deic agus bhí ordú acu fanacht ansin nó go dtiocfadh cabhair. Tá mé ag ceapadh go raibh sé chúig n-uaire an chloig nuair a tháinig báid agus tógadh ar bord muid agus tugadh i dtír muid. Tá mé ag ceapadh gur Aden a bhí ar an áit ar chaith muid chúig lá. Cuireadh lóistín ar fáil ansin dúinn an fhad is a bhí an long á deasú. Ceann de na rudaí is mó a ndearna mé iontas de ar an mbealach ná na báid seo a thagadh amach go dtí na longis a bhíodh ag dul an bealach ag díol bia, glasraí, torthaí agus éadach leo. Bhí sé go maith mar bhí muid in-ann

torthaí úra a cheannach uathu.

Tar éis sé seachtainí an an mbealach, landáil muid i Melbourne. Tugadh amach muid ansin go dtí áit, Bonnagille an t-ainm a bhí air, áit an-deas, neart páirceanna glasa is fairsinge. Bhí foirgnimh ansin, a gcaitheadh imircigh sé seachtainí chun a scíth a ligean tar éis an aistir. Bhí árasán ag chuile chlann dóibh féin. Bhí ionad cúram-leanaí agus caitheamh aimsire ann do ghasúir. Cuireadh gach rud ar fáil do na himircigh. Tar-éis an ama seo ansin bhí ar na fir castáil leis an dream a bhí ag breathnú amach do chúrsaí oibre. Seo iad a dhéanfadh cinneadh cén áit a gcuirfí tú. Bhí sé seo ag brath ar cá raibh an cheird, na scileanna agus an cineál oibre a raibh cleachtadh acu air ag teastáil. Bhí súil agamsa go mbeadh muid ag fanacht i Melbourne. Thaithnigh an áit liom agus bhí sé éasca socrú ann, cheap mé. Is in Adelaide a dúradh le Paddy a bhí obair dhósan. D'fhan mise agus na gasúir i Melbourne ar feadh roinnt seachtainí nó go bhfuair Paddy áit le fanacht dúinn. Chuaigh muid ar an traein as Melbourne go Adelaide. Bhí an traein céanna pacáilte le himircigh. Pennington an t-ainm atá ar an gceantar a dtáinig muid ann ar dtús. Chuir muid fúinn i mbrú ar feadh sé mhí, bhí a gcuid spáis féin againn agus bhí muid in-ann a gcuid cócaireachta féin a dhéanamh. Ní

mórán tithe a bhí san áit ag an am, agus sé an chaoi a mbeadh ort teach a thógáil in áit teach a cheannach. Sé an socrú a bhí ann ó thaobh an visa, cuireadh taisteal agus lóistín ar fáil agus bhí tú in-ann fanacht sa mbrú nó go mbeadh tú in ann teach a cheannach nó a thógáil. Conradh dhá bhliain a bhí i gceist, deich bpunt a bhí le n-ioc le dul amach. Ach dá mbeadh tú ag iarraidh dul abhaile sula mbeadh an dá bhliain thuas bheadh ort an costas ar fad a íoc ar an aistear abhaile. Tar éis sé mhí sa mbrú d'éirigh linn bloc talún a cheannach agus carabhán a fháil le dul ag gcónaí ann an fhad is a bheadh muid ag tógáil an tí. Bhí neart oibre ag Paddy, bhí go leor tógála ar siúl agus gan a ndóthain fir oibre lena dhéanamh. Níor thóg muid an teach ar an talamh a cheannaigh muid. Cheannaigh muid piosa eile talún, agus thóg muid teach ar sin. Is sa teach sin a bhí muid go dtí le blianta gairid. Bhí mé ag ceapadh ar dtús nach gcuirfinn an dá bhliain isteach go deo anseo. Sé an teas is mó a chuir isteach orm agus ní dheachaigh mé i gcleachtadh ariamh ar an teas. Ní raibh tada an t-am sin ann mar atá anois leis an áit a choinneáil fionnuar ach go raibh na tithe tógtha sa gcaoi a thabharfadh foscadh ón ngrian, tá said ag dul ar ais go dtí an stíl sin anois arís anseo. Nuair a bhí Mary agus Elizabeth, an bheirt a rugadh anseo ina bpáistí, sé chaoi a gcuirfinn braithlin fliuch fúthu sa gcliabhán ag iarraidh iad a choinneáil compordach. Níor chuir an ghrian as do Phaddy ar chor ar bith cé gur ag obair taobh amuigh a bhí sé an t-am ar fad, ag réiteach suimh le tithe, bóithre agus cosáin a thógáil a bhíodh sé. Tar éis cúpla bliain cheannaigh sé inneall tochailte agus chuaigh sé amach as fhéin. Bhí sé ag plé leis an obair sin ar feadh a shaoil. Sé Michael atá anois i mbun na hoibre sin. Bhí piosa talún leis an teach againn agus chuireadh muid fataí agus glasraí, an rud a chleacht muid sa mbaile. Tá an talamh anseo an-tirim, bhíodh orainn uisce a chur amach cúpla uair sa lá, bhíodh ganntan uisce ach bhí dhá dhabhach mhóra againn ag cúl an tí agus

nuair a dhéanadh sé báisteach ritheadh an t-uisce den díon isteach iontu agus bhíodh sé seo againn i gcóir an gharraí. Bhí crainnte úll, oráiste, péitseoga agus mangónna sa ngarraí freisin. Fásann na torthaí sin an éasca, ní raibh siopai fairsing agus bhíodh chuile dhuine ag brath ar an ngarraí. Dhéanadh mé fhéin éadach na ngasúir, thaithnigh fuáil agus cniotáil liom. Tá an aeráid anseo an-tirim agus níl na séasúir mar atá in Éirinn. Bíonn sé an-te sa Samhradh, ó Nollaig go Márta. Faigheann sé an-fhuar agus gaofar sa nGeimhridh ach ní thiteann mórán báistí. Nuair a tháinig muid ar dtús ní raibh sé éasca ag mná pósta obair a fháil. Bhíodh fostóirí ag ceapadh go mbeadh an iomarca ama á chailleadh ag mná dá mbeadh gasúr tinn nó cúraim eile orthu sa mbaile. Bhí mná ann nár inis go raibh gasúir acu le go mbeadh said in ann obair a fháil, ach níor mhaith liom é sin a dhéanamh. Bhí mé ag obair in Ionad do dhaoine aosta ar feadh cuid mhaith blianta nuair a d'fhás na gasúir suas agus bhain mé an-sásamh as an obair.

Bhí sé, tá mé a cheapadh cheithre bliana déag nuair a thug mé an chéad chuairt

abhaile, ar an mbealach abhaile chuaigh mé go Nua Eabhrac go Ceanada agus go Sasana, ar cuairt ar mo chuid deirfiúracha agus deartháireacha. Thug mé féin agus Paddy cuairt eile abhaile roinnt blianta ina dhiaidh sin. Bhí mé féin agus mo mhac Michael sa mbaile sa bhFómhar seo caite, 2005.

An t-am is mó ar airigh mé an baile i bhfad uaim ná nuair a cailleadh m'athair. Ní raibh bealach ar bith an uair sin go raibh tú in ann é a dhéanamh abhaile ag sochraid.

Níl sé chomh costasach ar chor ar bith anois agus a bhí sé fiú scór blianta ó shin agus ní thógann sé an t-achar céanna anois. Ní raibh éinne as Conamara ina gcónaí sa gceantar seo ach bhí neart as áiteacha eile in Éirinn. Bhí fear amháin a casadh ar Phaddy uair nó dhó, Willie Bheartla Bhreathnaigh as Snábó, Ros Muc, ach tá mé ag ceapadh gur i Melbourne a bhí sé ina chónaí.

Sibh féin an triú dream as Conamara a thug cuairt orm ó tháinig muid anseo. Bhí Bridie agus Maitiú anseo thart ar dhá bhliain ó shin, iníon i Bridie le John, mac

mo dheirfiúr Baba as Leitir Mucú. Chaith mac le deartháir Phaddy cúpla mí anseo roinnt blianta ó shin sula ndeachaigh sé go Sydney, tá sé pósta ansin anois agus bhí mé féin agus Paddy ar cuairt aige. Fuair Paddy bás cheithre bliana ó shin agus chuir sé sin athrú mór ar mo shaol. Tá sé cosúil le leath dhíot a bheith imithe, cuireann sé do shaol bun os cionn. Tá sé deacair a shamhlú an t-athrú a chuireann sé ar do shaol. Bíonn imeachtaí éagsúla ar siúl i rith na seachtaine a choinníonn ag imeacht mé agus téann mé ar thurais agus ar laethanta saoire ó am go chéile. Tá mo chlann ina gcónaí anseo in Adelaide agus is breá an rud é sin. Bainim féin agus Benny an madra beag atá agam an-cheart as a chéile, bheinn caillte gan é.

Ní raibh aon chaitheamh ina dhiaidh ná aiféala riamh orainn faoin gcinneadh a rinne muid a theacht anseo. Ba muid féin a bheartaigh a theacht. Bhí orainn an baile a fhágáil ach ní raibh aon ghá dúinn Sasana a fhágáil áit a raibh an neart oibre tar éis an chogaidh, déanann sé sin difríocht, cheapainn. Bhí an tír seo go maith dúinn"



Tomás Ó hÍr & a Chomhpháirtí
Industrial-Manufacturing Consultant Engineers

- Feabhsú gnó & próiseais (*business & process improvement*)
- Sláinte & sábháilteacht san áit oibre (*Health & Safety*)
- Iniúchóireacht Caighdeáin & Innealtóireachta (*Quality & Engineering Audits*).
- Bog-earra ríomhaireachta (*computer software*)

Paradigm II
Work Management Processor

Flexim Simulation Software

Cill Bhriocáin,
Rosmuc, Conamara.
www.toh.ie
info@toh.ie

Orchard View, Cullentra,
Longwood, Co. na Mí
Fón: 046-9555885
Facs: 046-9555886

Arais Thar Sruth na Maoile



Johnny Mhairtín Learaí, Máirtín Tom Sheáinín, Tommy Mellett agus Meaití Joe Shéamuís i gCallanais

D'eagraigh Pléaráca grúpa as Conamara le cuairt a thabhairt arís i mbliana ar fhéile Ceol Nis i Leodhais. Seo mar a chuireann Meta Uí Mhaille síos ar an gcuairt.

Tá nasc láidir cruthaithe le roinnt mhaith blianta idir Conamara agus Nis, baile sa gceantar thiar thuaidh de Oileán Leodhais, sna hoileáin Hebrides. Ba cúrsaí spóirt a chuir tús leis an nasc ar dtús nuair a thug Cólman Ó Flatharta as Camus agus Peadar Ó Maoláin, Údarás na Gaeltachta turas go hOileán Leodhais ar chuireadh ó Donald John MacKenzie, fear a raibh an-spéis aige i gcúrsaí spóirt agus imeachtaí cultúrtha do dhaoine óga. Tháinig Donald John agus grúpa mór go Conamara i 1999 le linn Féile Phléaráca Chonamara agus ghlac said páirt in imeachtaí spóirt agus siamsaíochta i rith seachtain na féile. Tá go leor den dream sin ag teacht go Conamara ó shin. Sa mbliain 2000 tugadh cuireadh do Phléaráca grúpa ceoltóirí, amhránaíthe agus damhsóirí a thabhairt ag féile mhór cultúrtha a d'eagraigh muintir Nis "Ceilidh san IarThuath" mar chuid d'imeachtaí ceiliúradh na mílaoise.

Chaon dara bliain ó shin, le tacaíocht maoinithe ón eagraíocht "Colmcille" tugann grúpaí ceoil as Nis cuairt ar Chonamara le linn Phléaráca Chonamara agus tugann Pléaráca grúpa go hOileán Leodhais le haghaidh Féile "Ceol Nis". Ní hionadh ar bith go bhfuil ag éirí chomh maith leis an nasc, tá an dá áit an-chosúil le chéile ar go leor bealaí, an ceol, an teanga, an cultúr agus tá Nis féin an-chosúil leis na ceantair tearcforbartha i gConamara. Tá an talamh go maith sa taobh seo den oileán ach tá na feilimeacha nó na "crofts" an-bheag. Tógann said roinnt caoire agus beithigh ach ní bheadh said in ann slí mhaireachtála a bhaint as. Ar ndóigh tá an teanga faoi bhrú agus níor chuidigh an imirce léi ach oiread le háit. Cé go gcloisfidh tú an teanga á labhairt ag muintir na háite, deir said go bhfuil faisean i measc an dream óg béarla a labhairt. Creideann said go bhfuil tábhacht mhór leis an nasc le Conamara ó thaobh an seans a faigheann an

dream óg as Nis agus as Conamara aithne a chur ar theanga agus ar chultúr a chéile.

Iascaireacht, próiseáil éisc agus déantús an bhréidín "Harris Tweed" an slí mhaireachtála a bhíodh ag muintir an oileáin. Níl ach fíor bheagán ag dul don iascach anois agus tá mórán deireadh ar fad le tionscal an bhréidín. Tionscal baile a bhí anseo agus tá seolta fíodóireachta go fairsing fós ann ach nach bhfuil said á n-úsáid ach ag cúpla duine. Teastaíonn forbairt sa gceantar, agus tá coiste láidir atá ag féachaint ar bhealaí a bhféadfaí sin a dhéanamh gan díobháil a dhéanamh den teanga ná den chultúr. Níl said an-sásta leis an bhforbairt atá beartaithe na céadta muilinn ghaoithe a chuir ar an oileán gar go maith de na bailte le leictreachas a sholáthar do mhórháir Shasana, forbairt nach mbeidh aon bhuntáiste ann don oileán agus a bhfuil inní orthu go ndéanfaidh forbairt ar an scála atá i gceist dochar don cheantar agus don timpeallacht. Tá feachtas ar siúl acu ina choinne seo.

Sa mbliain 2000 osclaíodh an t-ionad oidhreacht "Taigh Dhonnchaidh" teach a d'fhág Duncan Morrison nó Donnchaidh a raibh an-spéis aige i gceol mar oidhreacht ag Cumann Eachtraigh Nis. Tá an-leas á bhaint as an teach i gcomhar ranganna ceoil, amhránaíochta agus damhsa. Gach oíche Déardaoin tagann an banna ceoil, "Ness Melodian Band" le chéile anseo. Reáchtáiltear Scoil Shamhraidh ann chomh maith le ceardlanna agus imeachtaí le linn na féile.

Ba i Taigh Dhonnchaidh a bhí a gcéad seisiún ceoil ag Grúpa Chonamara le linn féile na bliana seo. Bhí teacht le chéile de Chlann Mhorrison ar bun freisin i rith na seachtaine céanna. Tháinig siad seo ó gach áit ar fud an domhain agus de bharr na gcuairteoirí uilig bhí an teach lán go doras nuair a chuir Fear-an-Tí Angus Iain Morrison tús leis an gcéili. Chas Sarah Uí Mháille, Johnny Mhairtín Learaí, Pádraig Ó Flatharta agus Máirtín Tom Sheáinín neart d'amhráin mhóra Chonamara agus chas siad fhéin agus muintir Nis an Cailín Álainn le chéile. Casadh an Cailín Álainn cuid mhaith uaireanta i rith na seachtaine agus bhí iarratais go leor freisin ar an leagan de Galway Bay a chasann Pádraig Ó Flatharta. Chas fonnadóirí móra na háite a gcuid amhrán breá sean-nóis, ina measc Mairi Smith agus Murdo John MacKenzie. Bhain Annie Devaney agus Patricia Ní Fhatharta deannach as an urlár i dteannta Jayne McLeod le togha an cheoil ó Mhattie Joe Shéamuís, Tommy Mellett agus Éanna Mac Cába. Chas banna ceoil Nis ceol breá briomhar agus níorbh fhada go raibh muintir Chonamara ar an urlár in éineacht leis na Niseacha ag damhsa an Highland

Fling. Chuir beirt phiobairí áitiúla tús agus deireadh leis an gcéili le dreas breá ceoil a chrochadh an ceann den teach. Agus sin an chéad oíche!

Bhí seisiún agus imeachtaí ceoil ar siúl i rith na seachtaine agus bhí coirmcheoil ghrúpa Chonamara ar siúl oíche Déardaoin i gClub Shóisialta Nis, áit a raibh Máirtín Tom Sheáinín ina Fhear an Ti.

Tá traidisiún san áit seo ar chuir mé féin speis ann. Gach Lúnasa déanann grúpa fear as Nis turas go Sula Sgeir, carraigeacha atá dhá scór míle amach ó thír ar thóir an Guga. Gainnead é an Guga agus san am a

agus bhíodh an chéibh dubh le daoine a thagadh á gceannach i gcóir an gheimhridh. Deirtear go raibh said go maith le n-ithe le fataí agus bainne. Tomhaistí crógacht agus neart na bhfear ar an méid séasúr a dhéanadh siad ar Sula Sgeir. Sin traidisiún nár chuala mé a bheith sa taobh seo tíre agus ní raibh traidisiún déanamh fuise na poitín acusan. Is le blianta beaga anuas atá cead óil ar an gcuid seo den oileán. Ach bhíodh na botháin acu, seo brácaí beaga a bhíodh in áiteacha iargúlta a dtéadh na fir oíche Dé Sathairn le cúpla deoch a bheith acu agus obair na seachtaine a phlé. Coinnítear an traidisiún seo suas i gcónaí



Mari Smith, Anne Devaney agus Jayne McLeod

caitheamh bhí an Guga an-tábhachtach mar ábhar bia i gcomhar an gheimhridh. Ní dhéanann an turas anois ach grúpa beag agus fágann siad as an bpointe is faide thiar thuaidh den oileán. Maraítear na gainneid sula mbíonn an chlúmhach curtha amach acu, mar de réir mar a mheadaíonn said caillean said meáchan. Ní mór don dream a théann ar a dtóir a bheith scafánta, aclaí agus cloigeann maith i gcomhair airde a bheith orthu. Níl aon chéibh ná caladh ar Sula Sgeir agus tá an fharraige an-fhiáin thart ann. Caitheann na fir trí seachtainí ag seilg an Ghuga ar na halltracha agus i scailpeanna ar thaobh na gearraigeacha. Ligtear na fir síos le rópaí taobh na carraige ar fhrámaí adhmaid. Aimsíonn said an guga le cleith fhada a mbíonn duán ina barr.

Glanann said iad agus dónn said an chlúmhach éadrom díobh agus sailleann said i mbarailí iad. Codlaíonn na fir i scailpeacha agus pluaiseanna ar na carraigeacha, clúdaithe ó bhun go barr mar go mbíonn said ag roinnt na háite le héanacha agus le feithidí éagsúla. Tá quota ar an méid Guga gur féidir a mharú anois, agus ní mórán acu atá á marú, ach gur maith le muintir Nis an traidisiún a choinneáil suas. Bhí duine de mhuintir na háite ag insint dom nuair a bhí sé ina ghasúr nach mba léir duit do láimh ag an gclabhta clúmhaigh os cionn Port Nis nuair a thagadh na báid ar ais ó Sula Sgeir. Bhíodh foireann réidh le dhul ag piocadh na nGuga

ach níl ach dhá bhothán fágtha.

Baintear cuid mhaith móna i Nis i gcónaí. Bhí sé de thraidisiún ann mar a déantaí anseo fadó, dul ar buaile. Nuair a bhíodh an tEarrach déanta thugadh said leo córa a gcuirte gach a raibh ag teastáil isteach ann, éadach leapa srl., agus thugadh said leo na ba agus na caoire agus chaitheadh said an samhradh ag sábháil mhóna nó ag déanamh ceilpe. Chónaíodh i mbracaí a dhéanadh said as fóid, Sheilings a thugann said ar na brácaí seo.

Bhí na seantithe "Teach Dubh" an-chosúil leis na tithe ceann tuí anseo. Is i lár an urláir a bhíodh an tine agus poll sa scrath leis an deatach a ligean amach. Is de bharr an dath dubh a thugadh an deatach ar na ballaí a dtugtaí Teach Dubh orthu.

Mar go raibh an teacht le chéile an Clan Morrison (Clan Mac Ghillemuire) ar siúl, bhí siúlóidí agus turais speisiúla eagraithe i rith na seachtaine a bhain le stair Clan Mhorrison. Tugadh turas ar Dhún Eistean, ba ag Clan Morrison a bhíodh an dún mar áit shábhála. Nuair a chuirte cath ar an gclan chrochadh said leo a gcuid eallach agus théadh said isteach ar an oileán beag seo, áit a mbíodh said sábháilte taobh istigh de bhallaí an dúin nó go mbíodh an chontúirt thart. Níl ach cuisle caol idir an oileán agus an mórháir ach tá sé an-ard os cionn na farraige agus é ar charraigeacha



Anne Devaney le Alister Camboul

géara a bheadh deacair a strapadh. Thionlacann piobaire an grúpa isteach go Dún Éistean.

Is i Leodhais atá Ionad Oidhreacht Challanais "The Standing Stones" atá os cionn 5000 bliain agus a dtugann na mílte turasóir cuairt air gach bliain. Anseo tá leathchéad de leacracha caola arda ina seasamh, cuid acu 4m. ar airde agus ciorcal le trí cinn déag de chlocha ina lár. Níl aon eolas cé as a dtáinig na leacracha seo mar ní hé seo an cineál cloiche atá ar an oileán ná níl said cinnte cén úsáid a bhaintí astu, ach go bhfuiltear den tuairm gur i gcóir searmanais a bhaineann leis an ngealach agus na réalta a bhí said.

Chuaigh muid ar thuras lae go Harris in éineacht leis na Morrisons, áit ar thug muid cuairt ar áiteacha spéisiúla cosúil le séipéal Naomh Clement. Tá Harris nó na Hearaidh difriúil de Leodhais. Tá níos mó cnoic agus clocha ann agus tá an taobh tíre fíor-álainn ar fad le tránna breátha geala. Bhí seisiún ceoil ag muintir Leodhais agus ag muintir Chonamara tar is béile tráthnóna in Óstán Harris. Ar an mbealach abhaile chuaigh cuid den ghrúpa ag an gcoirmcheoil mhór a bhí sa halla i Calloway agus chuaigh an chuid eile go dtí an oíche cheoil a bhí ar siúl i gclub shóisialta Nis áit a raibh an grúpa roc Skerevore ag casadh.

Le linn na seachtaine bhí muid ag seó talmhaíochta a bhí ar siúl i Calloway, áit ar casadh Elvis ar Annie Devaney. C homh maith le comórtais bearradh caorach, caitheamh meáchain agus rásaí cos, bhí comórtais ceoil piobaireachta agus uirlisí eile ceoil ar siúl freisin.

Tá muid ar fad an-bhuíoch don lucht eagraithe, Katie Mary, Fiona, Dolina, Donall, Alistar, Murdo John agus go mór mór do Khenny a bhí á dtiomáint timpeall i rith na seachtaine. Bhí an-fhoighid aige. D'airigh muid uainn ar ndóigh Margaret Macaleay, bean a mbíodh an-bhaint aici leis an bhféile agus a fuair bás ag tús na bliana seo.

Bhí muintir Nis faoi bhrón oíche Dé Sathairn mar gheall ar bhás fir óg a maraíodh i dtimpiste bóthair oíche Dé hAoine, duine den bhanna ceoil a bhí le bheith ag casadh ag an gceili i gClub Shóisialta Nis, le deireadh a chur le Ceol Nis na bliana seo.

An Fear Teanga

Tá an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin i mbun a chuid dualgas le breis agus dhá bhliain anois. Chuaigh Peigí Ní Chonghaile chun cainte leis. Rinne sé cur síos ar dtús ar a chúlra.



SÓC.:

Rugadh i nGaeltacht Thír Chonaill mé ach tá mé i mo chónaí i nGaeltacht Chonamara anois le tríocha bliain. Chuaigh mé ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh áit ar bhain mé céim amach sa nGaeilge agus i dTír Eolaíocht agus fo-chéim sa mhatamaitic. Chuaigh mé ag obair i mBÁC ar feadh trí bliana ina dhiaidh sin agus ansin thosaigh mé ag plé le cúrsaí craoltóireachta, go páirtaimseartha i dtús báire in RTÉ agus ansin bhog mé go Conamara le dhul ag obair le Raidió na Gaeltachta mar Chlár-Reachtair. Chaith mé chúig bhliana is fiche i m'iriseoir ansin, ag plé le nuacht agus le cúrsaí reatha den chuid is mó. Chaith mé tréimhse ghairid mar Eagarthóir Stiúrtha Clár agus ansin níos deireanaí mar Leas-Cheannaire ar an tseirbhís sular ceapadh sa phost seo mé i dtús 2004.

P.N.Ch.: Tá difríocht an-mhór idir a bheith i d'iriseoir agus i do Choimisinéir Teanga?

SÓC.: Go teoiriciúil níl cosúlacht ar bith idir an dá phost ach is dóigh ar bhealach go praiticiúil go bhfuil ceangal eatarthu. Mar shampla, cuid den obair a bhíonn ar bun ag iriseoirí – ag bailiú eolais, ag scríobh tuairiscí agus ag cur an eolais sin i láthair an phobail, tá sé sin ar bun againne anseo ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Ach is dóigh go bhfuil na haidhmeanna atá ag an bpost an-difriúil. Ach breathnaíonn sé go bhfuil traidisiún sa tír seo gur minic a cheaptar duine a bhíonn ag plé le hiriseoireacht i mbun cúraim a bhaineann le gnóthaí Ombudsman. An chéad Ombudsman a bhí sa tír, Michael Mills, b'iriseoir a bhí ann leis an Irish Press agus an tOmbudsman

reatha atá againn – Emily O'Reilly, b'iriseoir a bhí inti siúd freisin.

Breathnaíonn sé go bhfuil an traidisiún sin ann go dtí pointe agus b'fhéidir go bhfuil baint aige sin leis an gcúis gur ceapadh mise sa jab seo.

P. Ní Ch.: Tá os cionn dhá bhliain caite agat i do Choimisinéir, cén chaoi a bhfuil ag éirí leat go dtí seo?

SÓC.: Ar bhealach tá sé ró-luath le rá. Dúirt Chou Enlai uair amháin nuair a cuireadh ceist air faoi céard a mheas sé faoi Réabhlóid na Fraince – dúirt sé go raibh sé ró-luath le rá agus b'shin beagnach dhá chéad bliain théis na réabhlóide. Ar an mbealach céanna tá sé ró-luath théis dhá bhliain a rá cén chaoi a bhfuil ag éirí leis an oifig seo. Tá an oifig dá bunadh againn. Nuair a bunaíodh ar dtús i cuireadh líon

EUROPUS

AN COMHLACHT TEANGA

Comhairleoireacht Teanga

Aistriúcháin Fotheidealú
Aistriúchán Comhuaineach

EUROPUS TEO

1 Sr. na Mumhan
Baile Phib
Baile Átha Cliath 7

An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Teil: 01-830 4529
Faics: 01 830 6611

Teil: 091-595359
Faics: 091-595351

Ríomhphost (e-mail) europus@indigo.ie
<http://indigo.ie/europus/>

Stiúrthóir: Áine Ní Chonghaile

Abair ceart é - abair trí Europus é

teoranta foirne ar fáil. Tá plean forbartha curtha le chéile anois againn agus tá muid ag súil le méadú foirne a thabhairt i bhfeidhm go luath. Níor tháinig an tAcht féin i bhfeidhm go hiomlán go dtí mí Iúil na bliana seo. Mar sin is próiseas réasúnta mall atá ann, le hoifig nua a bhunú agus gnóthaí na hoifige a mhíniú don phobal ach sílim go bhfuil ag éirí réasúnta maith linn é sin a dhéanamh ach is gnó é seo a thógas tréimhse de bhlianta.

P. Ní Ch.: Is post nua chruthaithe é, ar éascaíocht nó mibhuntaíste é sin?

SÓC Is deacair a rá ar bhealach. Tá buntáistí an-mhór ag baint leis sa mhéid is go bhfuil tú ag déanamh rud i do bhealach féin. Is féidir leat do mhúlna féin a chruthú, tá tú tosaithe i bpáirc ghlas más maith leat.

An mibhuntaíste is mó a bhaineann leis ar ndóigh ná nach bhfuil aon réamhshampla romhat agus níl a fhios agat an bhfuil tú ag déanamh an rud ceart nó mícheart. Níl éinne ansin le rá leat "seo mar ba chóir duit é a dhéanamh". Mar sin tá buntáistí agus mibhuntaistí leis ach sílim ar an iomlán go ndéarfainn gur buntáiste atá ann.

P. Ní Ch.: Cén príomhról atá agat mar Choimisinéir Teanga?

Is dóigh go bhfuil chúig cinn de rólanna difriúla measaithe le chéile. An chéad cheann ná feidhmiú mar Ombudsman chun gearáin an phobail a réiteach, gearáin a bhíonn acu maidir le seirbhísí an stáit trí Ghaeilge.

An dara ceann ná comhairle a chur ar fáil don phobal faoina gcuid cearta ó thaobh cúrsaí teanga de. An tríú ceann ná comhairle a chur ar fáil d'eagraíochtaí stáit faoina gcuid dualgas teanga, an ceathrú ceann ná monatóireacht a dhéanamh ar an mbealach a bhfuil eagraíochtaí stáit ag cur Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm agus an ceann deiridh ná a chinntiú go bhfuil said ag cloí lena gcuid dualgas – mar sin, tá meascán de chúraim dhifriúla istigh leis an bpost amháin. Ach is dóigh ag deireadh an lae gurb iad na cúraim a bhaineann le gnóthaí Ombudsman, ag réiteach gearáin an phríomhchuid den phost.

P. Ní Ch. An bhfuil ról ag an gCoimisinéir maidir le polasáí a fhorbairt i leith na teanga?

S. Ó C. Níl aon ról againn maidir le reachtaíocht nua a chumadh ná aon

rud mar sin. Ní féidir linn aon rud nach bhfuil sa dlí féin a leasú. An jab atá againn ná a chinntiú má tá rudaí leagtha amach ó thaobh dlí de, ó thaobh ceart teanga, agus baineann sé seo ní hamháin leis an Acht Teanga ach



Seán Ó Cuirreáin le Uachtarán na hÉireann Máire Mhic Giolla Íosa

le haon acht eile nó le haon ionstraim reachtúil eile go bhfuil stádas nó úsáid na Gaeilge luaite ann, go bhfuiltear ag cloí leis sin. Níl aon ról ná dualgas orainn ó thaobh dlí nua a dhéanamh. Is féidir linn moltaí a dhéanamh agus is féidir linn tráchtairreachtaí a fhoilsiú maidir le cur i bhfeidhm an Achta, is féidir linn tionchar a bheith againn ar an mbealach sin ach is ról don Oireachtas é cumadh reachtaíochta. Sé an ról atá againn ná a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an rud atá ann seachas a bheith ag cumadh polasáí nua.

P. Ní Ch. Ach mar shampla, an chéad tuarascáil bhliantúil a tháinig amach ó d'oifig, bhí ráitis láidre ann faoin gcóras oideachais agus faoin gcaoi a bhfuil pobal na hÉireann ag caitheamh an oiread sin blianta ag foghlaim Gaeilge agus go dtagann a bhformhór amach ag an deireadh agus gan líofacht bhunúsach acu.

Ab shin ag oibriú tionchar ar pholasáí nó an bhfuil ceangal aige leis an Acht Teanga?

S. Ó C. Bhuel, bhrath muid go raibh dlúthcheangal aige leis an Acht Teanga ar an gcúis seo. Bhí muid i dteagmháil le bliain roimhe sin le go leor eagraíochtaí stáit agus bhí a bhformhór acu an-bháidhiúil ar son rud éigin a dhéanamh ar son na teanga agus ar son phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta, ach ba é an mantra céanna a bhí á chloisteáil go rialta againn uathu "tá muid ar son na teanga ach faraor níl éinne anseo a labhraíonn Gaeilge, is beag dár bhfoireann a bhfuil an acmhainn sin acu". As sin a tháinig an cheist seo chun cinn "cén chaoi a bhféadfadh sé tarlú go mbeadh daoine ag dul tríd an gcóras oideachais ar feadh trí bliana déag, óna naíonáin bheaga go dtí aois na hArdteiste, go raibh said ag déanamh staidéir ar an teanga ar feadh 1,500u/ch i gcaitheamh na mblianta sin ach fós féin go raibh an oiread acu ag fágáil an chórais gan cumas Gaeilge acu?"

As sin a tháinig an moladh uainn go raibh sé in-am ag an stát athbhreithniú fuarchúiseach a dhéanamh agus an cheist a chur – *cén fáth nach bhfuil líofacht bhunúsach sa teanga ag daoine théis an méid sin d'iarracht mhór a bheith á dhéanamh ag an stát?* Sílim gur spreag sé sin díospóireacht agus go bhfuil sé ag dul ar aghaidh i gcónaí. Sílim go bhfuil rudaí áirithe fiúntacha tarlaithe dá bharr ach go

bhfuil cuid mhaith le déanamh fós.

P. Ní Ch. Ar féidir le hOifig an Choimisinéara an cheist seo a leanacht suas?

S. Ó C. Níl aon chúis nach féidir linn ceisteanna de chineál ar bith a choinneáil ar an gclár oibre. Níl ról *per se* againn leis an bhfadhb seo a leigheas ach is féidir linn a rá go bhfeictear dúinn go bhfuil fadhb ann agus go bhfuil muid á fháil seo mar aifhreagra ó eagraíochtaí stáit – agus tá sé suntasach go bhfuil an oiread sin daoine ag obair sa gcóras stáit nach bhfuil Gaeilge acu. Tóg mar shampla an Roinn Oideachais, Roinn a bhíodh ag obair trí mheán na Gaeilge roinnt blianta ó shin. Tá comhfhreagras agam ó Ard-Rúnaí agus ó Aire na Roinne sin ag rá go ndearnadar suirbhé laistigh den Roinn anuraidh a léirigh nach raibh ach 3% d'fhoireann na Roinne sin in-ann a gcuid gnóthaí a dhéanamh trí Ghaeilge. Anois chaithfeá an cheist a chur ort féin, cén fáth go bhféadfadh sé sin tarlú? – mar chuaigh na daoine sin ar fad trí chóras oideachais na tíre seo, cén chaoi a bhféadfadh sé tarlú go mbeadh an oiread sin acu gan Gaeilge. Tá an cheist sin tábhachtach, níos tábhachtaí b'fhéidir ná aon cheist eile ó thaobh na teanga de sa stát, mar go teoiriciúil tá an iarracht mhór seo á déanamh ag an stát an teanga a mhúineadh ach fós ní léir go bhfuil an toradh chomh maith agus ba chóir dó a bheith. Agus ní haon ionsaí é seo anois ar mhúinteoirí ná aon rud mar sin, ba mhaith liom a bheith an-soiléir faoi sin. Táimid faoi chomaoín ag na múinteoirí, faoin méid atá déanta acu in imeacht na mblianta, ach sílim gurb é an rud is gá a dhéanamh anois ná gach cabhair agus cúnamh a chur ar fáil do mhúinteoirí na tíre seo le gur féidir a chinntiú go mbeidh líofacht bhunúsach ag daoine théis an iarracht mhór a rinne an stát agus iad ag fágáil na scoile go mbeadh cumas acu an teanga a úsáid mar theanga bheo pobail.

P. Ní Ch. I dtuarascáil 2005 ó Oifig an Choimisinéara tugadh chun solais nach raibh an státseirbhís ag tabhairt cothrom na féinne do lucht labhartha na Gaeilge taobh istigh den chóras stáit – céard atá ag tarlú faoi sin?

SÓC. Nuair a d'fhoilsigh muid an tuairisc sin, d'fhoilsigh an tAire Airgeadais Brian Cowen ráiteas an lá céanna ag rá go ndéanfadh sé iniúchadh an-ghéar ar an méid a bhí ráite sa tuarascáil, go raibh sé ag dul i

gcomhairle leis na ranna rialtais eile faoin scéal agus go ndéanfadh sé athbhreithniú ar an bpolasáí ina dhiaidh sin. Tuigim go bhfuil an t-athbhreithniú sin fós ar siúl ag an aire. Níl aon ionchur againne ins an bpróiseas sin. Is gnó don Aire Airgeadais é riaradh na státseirbhíse ach tá an fhaillí, dar liomsa a rinneadh in imeacht na mblianta curtha ar a shuíle go soiléir dó, ní hamháin sa tuarascáil féin ach i litreacha a sheol mé chuige roimhe sin inár miníodh dó go raibh mí-bhrí, dar liomsa, á bhaint as an rud a ceapadh a bhí ansin nuair a cuireadh deireadh le Gaeilge éigeantach d'fhostaíocht sa státchóras siar in sna seachtóidí. Cuireadh córas ina áit a chiallaigh go bhfaigheadh duine méid áirithe de mharcanna breise dá mbeadh Gaeilge acu, ach tríd is tríd, i leath na ranna rialtais ní raibh sé sin á chur i bhfeidhm. Cheap mé gur faillí a bhí ansin agus gur dóigh gur chaill daoine amach ar ardaithe céime dá bharr agus go cinnte chiallaigh sé nach raibh pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ag fáil a gcearta nuair a rinne said teagmháil leis na ranna sin mar nach raibh daoine le Gaeilge iontu. Seo é an t-aon chóras a bhí ann lena chinntiú go mbeadh daoine le cumas réasúnta sa teanga ar fáil ag leibhéil éagsúla sa státchóras, go mbeadh said ag fáil ardú céime de réir a chéile ach mura raibh an córas á chur i bhfeidhm i leath na ranna rialtais, sé mo bharúilsa gur rud an-tromchúiseach a bhí ansin agus is gnó anois don Aire Cowen agus dá chomhghleacaithe déileáil leis.

P. Ní Ch. An gciallaíonn sé seo uilig go bhfuil Oifig an Choimisinéara ceangailte go dlúth le céard atá ag tarlú ar an talamh, i.e. ag cíoradh go mion na húdair nach bhfuil an Ghaeilge á cur chun cinn.

SÓC. Tá sé thar a bheith simplí ag an oifig seo nuair a dhéanann duine gearán linn iarracht a dhéanamh an gearán aonair sin a réiteach. Bheadh an duine sin sásta agus an eagraíocht stáit a bhí ciontach sásta go raibh an fhadhb réitithe. Ach ar bhealach níl an oiread sin tábhachta leis sin sa bpictiúr mór mar sílim go gcaithfidh tú athruithe córais a chur i bhfeidhm freisin, athruithe a chinnteoidh nach dtarlóidh an fhadhb céanna arís. Ní leor fadhbanna aonair a réiteach, caithfear athruithe córais a chur i bhfeidhm le go mbeidh cinnteacht ann nach mbeidh na fadhbanna ag tarlú go leanúnach ina dhiaidh sin. Mar sin ar bhealach sin é an fáth gur féidir leis an oifig seo

rudaí mar sin a chur ar an gclár oibre ag rá "ceart go leor bhí na mionfhadhbanna sin ann ach céard atá taobh thiar de agus céard is cóir a dhéanamh le gur féidir an mórphictiúr a réiteach?". Níl mise den bharúil gur féidir gach rud a réiteach thar oíche ach sílim go bhfuil córas leagtha amach ins na scéimeanna teanga atá leagtha amach faoin Acht Teanga le go féidir le heagraíochtaí stáit cur lena seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama agus go dtiocfaidh feabhas ar sin de réir a chéile. Tá súil agam go mbeidh méadú ar mhúinín an phobail freisin agus go mbeidh níos mó daoine in ann agus sásta a gcuid gnóthaí a dhéanamh trí Ghaeilge leis an stát de réir mar a thagann na seirbhísí breise ar aghaidh – ach is dúshlán an-mhór a bheidh ansin freisin, a chinntiú go mbeidh an mhúinín ag an bpobal seirbhísí stáit trí Ghaeilge a úsáid.

P. Ní Ch. Ar mó gearán a thagann ón nGaeltacht nó taobh amuigh den Gaeltacht?

S. Ó C. Tá figiúirí foilsithe againn don chéad dá bhliain agus ó bharr mo chinn, tháinig thart ar aon cheathrú de na gearáin sa chéad bhliain óna limistéir Ghaeltachta. Sa dara bliain bhí an figiúr mórán mar a chéile ach amháin go raibh an figiúr don Gaeltacht méadaithe beagán, sin thart ar aon trian de na gearáin ó phobal na Gaeltachta.

P. Ní Ch. Mar fhear Gaeltachta, céard a cheapann tú faoin treo a bhfuil an Gaeltacht ag dul, tá go leor éadóchas faoi láthair fúithi?

S. Ó C. Sílim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh córas ann chun an Gaeltacht a chosaint. Sílim go bhfuil muid i mbliain an-chinníunach i mbliana sa méid is go bhfuil an staidéar atá ar siúl ag OhÉG agus ag OhÉMa Nuad le foilsiú. Tá súil go léireoidh sé seo pictiúr fírinneach de stáid na Gaeilge sa Gaeltacht. An imní is mó a bheadh orm ná go mbainfí úsáid as an eolas, agus déarfainn go mbeidh an t-eolas sin diúltach go leor, go mbainfí úsáid nó mí-úsáid as sin chun buillí eile a bhualadh ar an nGaeltacht.

Sílimse gur chóir go mbainfí úsáid as an gcineál seo taighde le haghaidh iarracht mhacánta dháiríre a dhéanamh chun tógáil ar a bhfuil fanta den Gaeltacht. Cinnte tá an Gaeltacht faoi bhrú, níl gá duit ach breathnú ar pháistí óga atá á dtógáil le Gaeilge is an brú atá orthu ó thaobh

an cheoil, agus an fhaisin, na scannáin agus ó thaobh na siamsaíochta, meallta ag saol an Bhéarla. Agus tá sé sin intuigthe, mar níl aon difríocht idir páistí atá ina gcónaí ar an gCeathrú Rua, seachas páistí atá ina gcónaí i gCalafornia nó i gCorn na Breataine. Siad na mianta céanna atá acu agus an cineál saoil a bhfuil said ag breathnú air agus ag éisteacht leis ó thaobh na teilifíse agus a leithéide sin de agus dá bhrí sin tá brú ollmhór, níos mó ná mar a bhí ariamh ar pháistí na Gaeltachta anois agus tá dúshlán ollmhóra ansin. Ach sílim, tá rudaí áirithe ag tarlú i mbliana, go m'fhéidir a bheas ina chabhair, ach is dúshlán é cosaint na Gaeltachta a bheas romhainn ar feadh na mblianta.

P.Ní Ch. Céard a theastaíonn chun tabhairt faoin dúshlán sin?

S. Ó C. An chéad rud a theastaíonn, dar liom ná aon chreimeadh nó lagadh a tá ag teacht ar an nGaeltacht a stopadh ar dtús báire sula dtosaítear ag caint ar an roth a chasadh ar ais.

P.Ní Ch. Cén chaoi a ndéanfar é sin?

S. Ó C. An t-aon bhealach len é sin a dhéanamh, dáiríre, ná oiread córais tacaíochta a chur ar fáil don teanga, tá cuid mhór acu ann cheana féin, ach cinnte tá cúrsaí oideachais rí-thábhachtach agus tá pictiúr fíor-dhuairc ar fad ar fáil in san tuarascáil a d'fhoilsigh *An Chomhairle Um Oideachais Ghaeltachta agus Ghaelscoile* anuraidh, nuair a dúradar go raibh an baol ann gur beag scoil a bheadh fanta sa Ghaeltacht a bheadh ag múineadh trí Ghaeilge faoi cheann scór bliain mura dtabharfar faoi déileáil le ceisteanna atá ansin faoi láthair. Bhí mé ag caint le Príomhoide meánscoile Gaeltachta le gairid a dúirt liom gur fhostaigh sé ceathrar múinteoir gan Gaeilge ina scoil Ghaeltachta an bhliain seo caite mar nár chuir éinne le Gaeilge isteach ar na postanna, agus an t-aon rogha a bhí aige ná na ceithre ábhar a fhágáil de chlár ama na scoile ar fad nó daoine gan Gaeilge a cheapadh sna postanna. Mar sin, sin iad na dúshláin atá romhainn, díriú ar na géarchéimeanna sin, go háirithe i gcúrsaí oideachais, déileáil leis an óige, an spreagadh, an tacaíocht agus an mealladh sin a chur ar fáil do theaghlaigh agus don óige le go dtuigfidh said go bhfuil tábhacht leis an teanga seo. Má fhágann said sin ar lár í, má bhrítear an ceangal stairiúil sin a théann siar sna blianta, ní féidir an slabhra sin a chur ar ais le chéile arís.

P.Ní Ch. Ag caint ar an gcóras oideachais ansin arís, meastú an bhfuil muid ag déanamh leithscéalta ró-fhada anseo sa nGaeltacht, nár cheart b'fhéidir córas níos cosúla le Gaelscoileanna a chur i bhfeidhm sna scoileanna Gaeltachta.?

S. Ó C. Ní oideachasóir mise, ní aon saineolaí oideachais mé agus níl na freagraí agamsa ar na ceisteanna sin, ach tá a fhios agam go raibh imní ar dhaoine a labhair liomsa as Gluaiseacht na Gaeilge gur chóir ar chor ar bith a bheith ag caint ar fhadhbanna a bheith sa tír seo maidir le múineadh na Gaeilge, mar bhí faitíos ar dhaoine áirithe dá dtosófaí ag caint ar seo, go ndéanfaí an scéal níos measa. Bhrath mise a mhalairt ar fad, murar féidir déileáil go hionraic agus go macánta le ceisteanna mar seo, mura féidir iad a phlé amach agus a rá "tá fadhbanna ann, bíodh tú ag caint ar an nGaeltacht nó ar fud na tíre". Mura bpléitear na rudaí seo go hionraic agus go macánta, níl aon bhealach ar féidir leat dul ag cuartú leigheas ar an bhfadhb. Bhí daoine ann i saol na Gaeilge sa tír seo a bhí amhrasach ar cheart a bheith á phlé seo ar chor ar bith agus an chomhairle a bhí acu ná "Fan siar as an díospóireacht sin, ná cuir an t-ábhar seo ar an gclár oibre mar b'fhéidir gur chun donais a rachaidh rudaí". Sílimse go bhfuil rudaí ag an bpointe gur gá iad a phlé amach go macánta agus go hionraic.

P.Ní Ch.: Bhí tú ag caint ansin ar an rabhadh a bhí tugtha i dtuarascáil COGG nach mbeadh aon scoil Ghaeltachta ag múineadh trí Ghaeilge i gceann 20 bliain...

S. Ó C. Thug said rabhadh mura dtógfar céimeanna anois go mbeadh an baol ann faoi cheann 20 bliain gur beag scoil a bheadh fanta ag múineadh trí Ghaeilge. Tá rudaí tábhachtacha ag tarlú i mbliana. Rinneadh an daonáireamh a thabharfaidh léargas ar úsáid na Gaeilge ar fud na tíre, tá an tuarascáil sin óna hOllscoileanna maidir le stádas na Gaeilge le teacht amach, beidh sé sin thar a bheith tábhachtach d'aon díospóireacht a bheidh ar siúl. Tá sé i gceist ag an rialtas fíis don Ghaeilge a fhoilsiú go luath. Seo é an chéad ráiteas físe ón rialtas le 30 bliain nó níos mó a thugann le fios céard é polasaí an rialtais i ndáiríre. Mar sin, tá rudaí éagsúla mar sin ag tarlú a bhfuil tábhacht leo agus go m'fhéidir go bhféadfaí iad a úsáid mar bhealach chun fócas a tharraingt ar an

díospóireacht seo faoi chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre.

P.Ní Ch: An bhfuil brú ortsa mar gur tú an chéad Choimisinéir Teanga? An airíonn tú go gcaithfidh tú beart thar an gnách a dhéanamh chun an taoide a chasadh?

S. Ó C. Sílim go mbeadh sé thar a bheith mí-fhéarálte agus míchruinn ar fad a bheith ag súil gur féidir leis an oifig seo fadhbanna Gaeilge na tíre seo a réiteach, ní féidir leis an rialtas é a dhéanamh, ní féidir leis an státseirbhís é a dhéanamh, ní féidir leis an Acht Teanga é a dhéanamh agus cinnte ní féidir leis an oifig seo é a dhéanamh aisti féin.

P.Ní Ch.: Cé a dhéanfas é?

S. Ó C.: Pobal na tíre seo an t-aon dream ar féidir leo an teanga seo a shábháil agus í a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Ach caithfidh an stát, an oifig seo, gach dream a bhfuil cúram teanga orthu a gcuid féin a dhéanamh chun cabhrú leis an díospóireacht seo. Ní féidir a bheith ag súil go bhfuil réiteach gach fadhb san Acht Teanga. Níl san Acht Teanga ach cuid bheag den infrastructúr tacaíochta teanga atá curtha ar fáil ag an stát. Tá an chuid is mó den tacaíocht a chuireann an stát ar fáil sa gcóras oideachais, tá sé i gcúrsaí craoltóireachta Gaeilge, in sna meáin Ghaeilge, i gcúrsaí ealaíona na Gaeilge, i bhforbairt na Gaeltachta. Níl san Acht Teanga agus san oifig seo ach píosa beag amháin de phictiúr mór ach is cuid thábhachtach í – níl aon amhras orm faoi sin ach cinnte tá ról againn ach níl an fhreagracht iomlán orainn. Tá an fhreagracht i bhfad Éirinn níos leithne ná sin.

P.Ní Ch.: Ar deireadh, an bhfanfaidh tú sa bpost seo?

S. Ó C. Bhuel nuair a ceapadh mar leas-cheannaire ar Raidió na Gaeltachta mé, bhí rún agam fanacht sa bpost sin. Ní bhíonn a fhios ag duine ariamh, athraíonn an saol. Tá mé os cionn dhá bhliain sa phost seo, tá mé ag obair liom go crua, ag déanamh mo dhícheall ach ní bhíonn a fhios ag éinne againn ariamh céard atá i ndán dúinn. B'fhéidir maidir le ceist mar sin gur bhfearr dom ag an bpointe seo gan a thuilleadh a rá ach - fanfaidh muid agus feicfidh muid!

An Naomh Bairbre

"Thóg sé a bhád ó phosta go ball agus sheol í anall go hÉirinn."

Sin díreach an rud a rinne Stiofán Ó Maolchiaráin nó Stephen Chóilín Joe as an Máimín, Leitir Móir. Thóg sé an bád 'An Naomh Bairbre', réitigh amach i agus sheol sé féin agus criú de cheathrar cróga eile as Chicago go Nua Eabhrac ar dtús, agus as sin go Céibh an Mháimín.

Tá daoine ann a cheap go raibh siad craiceáilte, tá daoine ann a cheap go raibh an rud a rinne siad contúirteach, ach tá an chuid is mó do na daoine den bharúil gur éacht thar éachtaí a rinne Stephen, Barney Chóilín Saile Ó Flaithearta, na hÁrannaigh, Tomás agus Pat Joyce agus fear Chill Cholgáin, Coley Newell.

Ní hionadh an bith go ndéanfadh mac le Cóilín Ó Maolchiaráin, nach maireann, éacht mar seo mar is cosúil le rud é a dhéanfadh Cóilín é féin. Dá gcuirfeadh sé rud ina chloigeann, dhéanfadh sé é, agus sé an scéal céanna lena mhac é. Chuir Stephen ina chloigeann Bád Mór de dhéanamh 'Húicéir na Gaillimhe' a thógáil agus í a sheoladh ar ais go dtí an chéibh atá i bhfhóiseacht céad slat don áit a tógadh é.

Is iomaí duine a thug cuairt ar Chicago le roinnt blianta anuas, ní mórán duine acu sin nach raibh scéalta acu faoin mbád seo nuair a tháinig siad ar ais abhaile.

Bhí caint mhór acu ar an mbád agus ar an bhfís a bhí ag Stephen ach ní mórán duine a chreid ina gcroí go ndéanfadh sé é.

Sheol siad ar dtús as Chicago go Nua Eabhrac agus cé go gceapadh daoine gurb é an t-aistear as Nua Eabhrac go dtí Céibh an Mháimín an chuid ba mheasa den aistear, bhí an seal a sheol siad ar na Locha Móra níos contúirti, ná an chuid eile den aistear abhaile. Deir Stephen go bhfuil difríocht mhór idir a bheith ag seoladh ar na Locha Móra agus a bheith ag seoladh ar an bhfarraige mhór. Bíonn sé deacair an gaoth a mheas ar na locha agus ní bhíonn aon tuairim agat ag aon am cén uair a ardóidh an gaoth.



Ach bhí an Naomh Bairbre in ann ag an ngaoth agus ag an mbáisteach agus bhí muinín ag an gcroí as an mbád a d'ainmnigh Stephen in omós dá mháthair, Bairbre.

Bhí trácht mhór ar fud Chonamara ar an lá a d'fhág an Naomh Bairbre Nua Eabhrac. De réir mar a bhí an Statue of Liberty ag imeacht as amharc, bhí rogha acu casadh ar ais go Meiriceá nó tabhairt faoin aistear a bhí leagtha amach acu ón tús. Ní raibh mórán díospóireachta faoi agus lean siad leis an aistear go Céibh an Mháimín faoi stiúir Phat Joyce. Ba é an ceo an rud ba mhó a bhí ag cur isteach orthu ag an tús mar go mb'éigean dóibh a

bheith san airdeall ar bháid mhóra agus ar longa móra eile a bhí ag trasnú lá i ndiaidh lae sna 'shipping lanes'. Ní mórán codladh a bhí i ndán dóibh ar feadh an chuid sin den aistear. D'éirigh leo suíomh idirlín a shocrú suas faoi cheannas Choley Chill Cholgáin agus b'iontach an áis a bhí ann. Ní hamháin gur choinnigh sé muintir na tíre ar an eolas ach bhí deis ag daoine teachtaireachtaí a sheoladh chucu freisin.

Bhí ceiliúradh i gConamara nuair a tháinig an scéala go raibh oileáin na Azores sroichte slán sábháilte acu, mar go raibh cúpla lá ann nárbh fhéidir teagmháil a dhéanamh leo nuair a chlis ar an gcóras satailíte. Bhí agallamh le Stephen ar

Raidió na Gaeltachta tar éis dóibh an chuid sin den aistear a chur díobh. Bhí farraige fhíochmhar agus maidhmeanna 40 nó 50 méadar in airde curtha díobh acu, bhí an Naomh Bairbre á caitheamh anonn agus anall, ach buíochas le Dia, ní raibh baol uirthi, mar sheas sí go teann i gcoinne gach ní a chaith an saol agus an aimsir léi féin agus a criú.

Bhí gach a raibh i gConamara ag súil go mór leis an scéala go raibh an Naomh Bairbre ag teacht níos gaire de cheann scribe. Bhí an coiste áitiúil a bhí ag obair go dian ag baile le fáilte a chuir rompu thar a bheith gnóthach ag cuir bailchríoch ar chuile ní. Bhí Céibh an Mháimín feistithe amach faoi bhratacha agus buintín agus bhí chuile bhaile i gceantar na nOileán faoi scáth breá bratacha freisin.

Chuaigh báid Chonamara agus Árann, idir mór is beag, amach le fáilte a chur roimh an Naomh Bairbre agus a criú an mhaidin Satharn a dtáinig an scéala go raibh sí ag déanamh ar oileáin Árann. Beidh caint is trácht is cáil go brách ar an radharc a bhí sa gcuán agus na céadta bád ag treorú an Naomh Bairbre aníos Cuan an Fhir Mhóir. Bhí na sluaite dhá faire ar chaon taobh den chuan, thiar is thoir. Thug daoine bualadh bos, scaoileadh flares san aer, lasadh tinte chnámha, bhí daoine ag caint is ag gleo agus thar aon ní eile,

bhí deora i súile sean is óg agus an Naomh Bairbre agus a cúigear laoch ag seoladh isteach go Céibh an Mháimín.

Thug na sluaite cuairt ar Chéibh an Mháimín le go bhfeicfeadh siad lena dhá súil an t-iontas a bhí rompu sa gcéibh. Bhí ard mholadh ag gach duine don méid a chonaic siad, an sár-obair a bhí déanta, an chaoi a raibh chuile rud ina áit féin, gan barrcleite isteach ná bunchleite amach ach an bád fite fuaite fáiscithe le chéile sa gcaoi is nár bhaol di is i ag trasnú ó Mheiricea go dtí céibh an Mháimín. Bhí an criú ansiúd le haon cheist a bhí ag aon duine a fhreagairt agus go deimhin féin cuireadh ceisteanna agus frítheadh freagraí. Ní hamháin ar feadh lá ach ar feadh laethanta ina dhiaidh sin, fuair lucht éisteachta raidió agus lucht féachana téilifíse, neart agallamh, an chuid is mó dhó sin ar chláracha RTÉ Raidió na Gaeltachta. Bhí ócáidí céiliúrtha sa gceantar agus bhí na tithe ósta lán agus na sluaite cruinnithe ar Stephen, Barney, Tom, Pat agus Coley agus chuile dhuine den chúigear ag baint barr dhá chéile ag cur síos ar an turas anall. De réir mar a bhí na laethanta ag dul thart agus an scéal ag scaipeadh ar fud na tíre, trí na meáin, bhí daoine ag teacht as chuile cheard den tír ag breathnú ar an Naomh Bairbre. Ní hamháin sin ach tháinig daoine as tíortha

eile chomh maith le lán na súl a bhaint as an mbád seo. Tá agus beidh caint ar an éacht farraige seo go ceann i bhfad, beidh caint go deo ar an bhfís a bhí ag Stephen Chóilín Joe, a bhád féin a thógáil agus i a sheoladh abhaile go dtí a cheantar dúchais. Ní dóigh go dtuigeann aon duine cé chomh mór is atá an t-éacht a rinne sé. Éacht a bhí ann cuimhneamh ar a leithéid, éacht as ucht an mhisneach a bheith aige i a thógáil agus airgead ollmhór a chaitheamh leis an togra agus ansin éacht thar éachtaí i a sheoladh i dteannta ceathrar cróga eile an bealach ar fad as Chicago go dtí an Máimín. Dá mbeadh caint ag na cláir... ach dá mbeadh féin ba dheacair dóibh cur síos níos fearr a dhéanamh ar an turas ná mar a rinne an cúigear a sheol inti.

An dtarlóidh a leithéid arís go deo meastú? Deir Stephen Ó Maolchiaráin go dtiocfaidh sé féin anall arís lá éigin, le cúnamh Dé, ar thuras den sórt céanna go dtí Céibh an Mháimín, ach nach ar bhád a bheidh sé ach ar eitleán! Sea, tá sé ag cuimhneamh cheana féin ar eitleán dhá chuid féin a thógáil agus i a laindeáil sa Máimín. Ná cuir thairis é, mac Bhairbre agus Cóilín Uí Mhaolchiaráin, céard a dhéanfadh mac an chait ach.....

Cúrsa Nua Gaeilge

Séideán Sí
RANG 2

An ceathrú haonad den chúrsa nua Gaeilge **Séideán Sí** atá á cur ar fáil chun freastal ar scoileanna Gaeltachta agus ar scoileanna lán-Ghaeilge. Oiriúnach le húsáid i scoileanna eile chomh maith óir tá sé bunaithe ar théamaí an Churaclaim Bhunscoile (1999). Tá an chéad trí aonad de **Séideán Sí** - Naíonáin Bheaga, Naíonáin Mhóra, Rang 1 - á n-úsáid i mórchuid scoileanna anois agus iomrá orthu de bharr réimse agus chaighdeán na n-ábhar atá iontu.

Tá an t-aonad nua seo ar chomhchaighdeán leis na trí aonad eile agus forbairt déanta ar na téamaí éagsúla lena gcur in oiriúint do dhaltai Rang 2.

Tá an cúrsa nua seo á ullmhú ag Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge. Is comhthionscadal é **Séideán Sí** idir An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus Foras na Gaeilge.

- 1 Chúrsa Comhtháite Gaeilge (Leabhar an Oide D)
- 1 Mo Leabharsa - Leabhar an Dalta D (Leagan Connachtach, Muimhneach, Ultach)
- 3 Leabhar Mhóra
- 8 Leabhairín - Céim 1 (2 phacáiste)
- 8 Leabhairín - Céim 2 (2 phacáiste)
- 8 Leabhairín - Céim 3 (2 phacáiste)
- 7 bPóstaer
- 23 Pictiúrchárta
- 4 Dhlúthdhiosca

- Leabhairíní Séideán Sí: Moltaí - Leabhrán don Oide + 6CD
- Seastán do na Póstaer/Na Leabhair Mhóra
- 1 Cluichí Focal
- 155 Preabchárta
- 1 Ag Obair Liom (Leabhar an Dalta D)
- 1 Leabhar Cúnta an Oide D (Ag Obair Liom)
- 5 Phóstaer don Litearthacht

ISBN 1-85791-653-9 €245

Le ceannach i siopaí leabhar nó le hordú tríd an bpost ó:
An Siopa Leabhar, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.
(01) 478 3814 ansiopaleabhar@eircom.net

CATALÓG AR FÁIL (01) 889 2800
angum@forasnagaeilge.ie www.gaeilge.ie

AN GÚM

Foras na Gaeilge

SAORCLOCH

Éamonn Ó Mainín

Turloch, Rosmuc

Ballaí Cloch,
Aghaidh Tithe,
Tinteáin

Fón Póca: 087-6960850

Gach rath ar an bhFéile!

Tigh Mhórain

Carna 095-32570

Beár, Pool, Ceol & Craic

Peter Fitzpatrick



COMPLETE
LABORATORY
SOLUTIONS
SAOTHARLANN CHONAMARA TEO
ROS MUC
CO. NA GAILLIMHE
TEIL: 091-574355

INFO@CLS.IE
WWW.COMPLETELABSOLUTIONS.COM
NÍOS FAIDE NÁ RAON NA SÚILE

Dé hAoine 29/09/06

10.00 r.n.

Taispeántas **AN LEABHAR MÓR** dá sheoladh ag **Liam Mac Con Iomaire** ar an gclár **Cúrsaí an Lae, RTÉ Raidió na Gaeltachta le Neasa Ní Chualáin**. Neart cainte, ceol & spraoi.

Taispeántas **AN LEABHAR MÓR** sna hionaid seo:

- Áras Charna,
- Coláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh - Rosmuc,
- Leabharlann na Ceathrúin Ruaidh,
- Comhar Chuigéil - Leitir Mealláin,
- Leabharlann an Spidéil

08.00 i.n.

OSCAILT OIFIGIÚIL NA FÉILE á sheoladh ag **Niall Mac Eachmharcaigh (John Joe i Ros na Rún)** Tigh Phádraig Mháirtín Beag Mháirtín Mhoir ar an Droim, Leitir Mealláin Ceol: **Morning Star & Ceoltóirí Acla** Bronnadh **GRADAM NA FÉILE 2006** Fear an Tí: **Máirtín Tom Sheáinín**

9 - 5.00 i.n.

Taispeántas **AN LEABHAR MÓR**

12.00n.

Toraíocht Taisce (Treasure Hunt) Siamsaíocht Teaghlaigh i gceantar Rosmuc/Camus. Clarú in Ionad Fiontair, Rosmuc ag 12.00n. Eolas ó: 087-7695446

01.00 i.n.

Comórtais Sean-nós na nÓg i gColáiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh, (An Choláiste Tin), i Rosmuc.

- Rogha uirlis ceoil.
- Damhsa ar an sean-nós.
- Amhránaíocht ar an sean-nós.
- Agallamh Beirte/Scéalaíocht.

Bean an Tí: **Muireann Ní Dhroighneáin**.

07.00 i.n.

Ó Ghlúin go Gloine Taispeántas Gloine Daite á sheoladh ag **Ríonach Uí Ógáin** i Séipéal an Ghoirt Mhoir, Rosmuc. Ceol: **Neansaí Ní Choisdealbha & Tommy Mellett**.

08.00 i.n.

Coirm Ceoil le **Liadán** i Séipéal na Deastógála, Camus

09.00 i.n.

Seoladh dlúthdhiosca **CRÉ NA CILLE** le **Máirtín Ó Cadhain**. Leagan drámatúil Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha le Cló Iar-Chonnachta & RTÉ Raidió na Gaeltachta i dTír na nÓg, **Indreabhán**. Seisiún Ceoil: **Josie Ó Ceannabháin, a dheirfiúr Úna** & ceoltóirí eile.

09.00 i.n.

Seisiún Amhránaíochta ar an Sean-nós Tí Kheane, Cill Chiaráin Fear an Tí: **Josie Sheáin** **Jeaic MacDonncha**

09.30 i.n.

Seisiún Ceoil Tigh Mholly, Indreabhán le **Ceoltóirí Acla**

Dé Sathairn 30/09/06

11.30 r.n.

Lá Spóirt ar Pháirc Chamuis Imeachtaí Spóirt do Dhaoine Óga. Eolas ó: 087-9020016

12.30 i.n.

Seisiún Ceoil le Ceoltóirí Acla Tigh Hughes, An Spidéal.

02.30 i.n.

Siamsa na nAosach in Áras Mhic Dara, An Cheathrú Rua. Fear an Tí: **Trevor Ó Clochartaigh**.

02.30 i.n.

Siamsa na nAosach in Áras Charna. Bean a Tí: **Nóirín Uí Shúilleabháin**.

06.30 i.n.

Comórtas Damhsa ar an Sean-nós do dhaoine fásta do Chorn Mháirtín Beag Uí Ghríofa sa Chistin, An Cheathrú Rua. Fear an Tí: **Colm Ó Méalóid** Ceol: **Johnny Connolly**

Dé Luain 02/10/06

9 - 5.00 i.n.

Taispeántas **AN LEABHAR MÓR**

Imeachtaí sna Scoileanna.

07.00 i.n.

CLADACH & CLAÍOCHA Taispeántas Ealaíne le **hAoife Casby** dá sheoladh ag **Tadhg Mac Dhonnagáin** san Ionad Sláinte, An Cheathrú Rua.

Dé Máirt 03/10/06

9 - 5.00 i.n.

Taispeántas **AN LEABHAR MÓR**

Imeachtaí sna Scoileanna.

08.00 i.n.

CEAD CAINTE - Diospóireacht i gcuimhne Mháirtín Uí Chadhain in Óstán an Dóilín, An Cheathrú Rua. Bean an Tí: **Gormfhlaith Ní Thuairisg**. Painéal: **Donncha Ó hÉallaithe**, **Seosamh Ó Cuaig**, **Máire Ní Fhinneadha**, **Connie Ní Fhátharta**, **Seán Ó Cualáin Darach Ó** **Scolaí**.

Dé Céadaoin 04/10/06

9 - 5.00 i.n.

Taispeántas **AN LEABHAR MÓR**

Imeachtaí sna Scoileanna.

01.00 i.n.

Siamsa na nAosach in Óstán na Páirce, An Spidéal. Siamsaíocht & lón do na hionaid Lae. Ceol: **Sonnaí Choilm Learaí** Bean an Tí: **Sarah Uí Mháille**.

09.00 i.n.

Seisiún Ceoil Tí Pheadar Mhoir. le grúpa ceoltóirí Chonamara a bhí ag féile Ceol Nis ar **Oileán Leodhais**. Fear an Tí: **Mattie Joe Shéamuis Ó Fátharta**.

Déardaoin 05/10/06

9 - 5.00 i.n.

Taispeántas **AN LEABHAR MÓR**

Imeachtaí sna Scoileanna.

09.00 i.n.

Seisiún Ceoil Tí Mhórain, Carna. Ceol: **Clann Sonáí Choilm Learaí**

Dé hAoine 06/10/06

9 - 5.00 i.n.

Taispeántas **AN LEABHAR MÓR**

08.00 i.n.

Seó **"SÁILE"** - Ceiliúradh Beo ar an **Leabhar Mór** i Seanscoil Shailearna, Indreabhán.

Dé Sathairn 07/10/06

9 - 5.00 i.n.

Taispeántas **AN LEABHAR MÓR**

03.00 i.n.

Maratón na gCurach ó Ghlais na n-Uan go Droichead an Daingin

06.30 i.n.

Taispeántas Sleamhnán **"Turas ar an Artach"** le **Paddy Barry** i dTeach an Daingin, Béal an Daingin.

08.00 i.n.

Seó **"SÁILE"** - Ceiliúradh Beo ar an **Leabhar Mór** i Seanscoil Shailearna, Indreabhán.



Máirtín Tom Sheáinín



Niall Mac Eachmharaigh

Oscailt Oifigiúil na Féile – Tigh Phádraic Mháirtín Beag ar an Droim – 29ú Meán Fómhair 8.00

Beidh Pléaráca ag crochadh a cuid seolta i mbliana thiar ar an Droim i dteach ósta nua Phádraic Mháirtín Beag. Bigí ag súil le oíche mhaith mar a bhíonn i gconaí ag oícheanta oscala an Phléaráca. Beidh **Máirtín Tom Sheáinín** ag stiúradh imeachtaí mar Fhear a' Ti. Sé an t-aisteoir **Niall Mac Eachmharaigh** a bheas ina aoi-speisialta agus a dhéanfas an oscailt oifigiúil. Tá aithne ag chuile dhuine ar Niall ina pháirt mar John Joe i Ros na Rún agus ar ndóigh freisin mar dhuine de na caractair i CU Burn.

Beidh **Gradam an Phléaráca** dá bhronnadh chomh maith agus beidh ceol croithúil dá sheinnt ar feadh na

hoíche ag **Ceoltóirí Acla** ar dtús agus **An Morning Star** ina dhiaidh sin. Fáilte roimh an bpobal uilig

Niall Mac Eachmharaigh

Is as Rann Na Feriste i dTír Chonaill do Niall nó do John Joe as Ros na Rún mar is fearr aithne anois air. Tá sé páirteach i gcrusaí Teilifíse agus Raidió ó rinne sé an chéad chúrsa físeán a rith Údaras na Gaeltachta in 1989. Ó thosaigh Teilifís na Gaeilge is le greann is mó a bhí sé ag plé, cláracha mar C. U. Burn, Gleann Ceo agus Luí na Gréine. Is é seo an 5ú bliain aige ag déanamh páirt an rógaire John Joe Daly i Ros na Rún. Caithfidh go mbíonn go leor am saor ag aisteoirí mar go mbíonn am aige an sobalghráma Cois Cuain a scríobh do RTE Raidió na Gaeltachta gach seachtain chomh maith.



Liadan – 8.00 Séipéal Chamuis - Dé Sathairn 30 Meán Fómhair

Ó thosaigh **Liadan** amach i Feabhra 2004 tá an seisear ban seo ag mealladh lucht féachana in Éirinn, san Eoraip agus i Meiriceá lena gcuid ceoil. Ní hamháin go bhfuil cumas faoi leith ag baill Liadan ó thaobh ceol uirlise de, tá bua na hamhránaíochta ag an seisear acu chomh maith. Is iomaí duais atá bainte amach acu – fuair siad an gradam 'An Grúpa is Fearr' ag Féile Idircheilteach Lorient, 2005 agus bronnadh duais 'An Grúpa Amhránaíochta is Fearr' ag an Féile Idirnáisiúnta Pan-Ceilteach, 2005.

Tá dlúthdhiosca nua **Liadan** díreach seolta agus tá ard-mholadh faighte ag an dlúthdhiosca ó cheoltóirí éagsúla, Mícheál Ó Súilleabháin, Bill Whelan agus Paul Brock san áireamh. Agus - beidh Liadan ag dul ar thuras sna Stát Aontaithe leis na Chieftains sa mbliain nua, is iontach an deis é seo dóibh chun briseadh isteach i margadh Mheiriceá.

Siad na mná atá ag ceol sa ngrúpa ná Síle Denvir, cláirseach; **Deirdre Chawke**, cáirdín piano; **Valerie Casey & Claire Dolan**, fídlí; **Sarah-Jane Woods**, feadóg mhór; **Elaine Cormican**, feadóg.

Ba cheart go n-aireodh Síle Denvir ar a compord agus í ag ceol i **Séipéal Chamuis**. Is as Camus a máthair, Máire Ní Chlochartaigh roimh pósadh di. Tá ceangal láidir ag an gclann le Camus le blianta tríd an gcoláiste Gaeilge, Coláiste Chamuis.

Níl ionad níos fearr ná Séipéal Chamuis i gcomhair ceolchoirm mar seo. Tá ceolchoirmeacha reachtáilte ag Pléaráca ann le cupla bliain anuas leis an Contempo Quartet agus An Chóir Aireagail Náisiúnta. Dúirt siad seo ar fad go raibh an séipéal ar fheabhas ó thaobh fuaim de. Mar sin beidh muid ag súil go mór le mná óga Liadan agus iad ag casadh amhráin ar nós Amhrán Mhuinse agus Dónal Óg.



Griogair Ó Labhruidh

**Sáile - Seanscoil Sailearna –
8.00 6ú/7ú Deireadh Fómhair**

Seo an ceolchoirm atá eagraithe ag Pléaráca chun ceiliúradh a dhéanamh ar Thaispeántas **An Leabhar Mór** a bheith againn i gConamara i rith na féile. Ar ndóigh is teacht le chéile de fhíliocht na hAlban agus na hÉireann atá sa Leabhar Mór ach tá Sáile ag dul níos doimhne sa scéal agus is ceiliúradh idir an ceangal atá idir Conamara agus Albain a bheas ins na ceolchoirmeacha seo. Beidh amhráin sean-nóis atá comónta idir an dá chultúr ar nós Dónal Óg agus Máire Ní Eidhin dá gcasadh, beidh cruittireacht na hÉireann agus píobaireacht na hAlban le cloisteáil, beidh damhsa ar shean-nós Chonamara chomh maith leis an High Land Fling le feiceáil. É seo uilig chomh maith le píosaí bréatha filíochta ón dá chultúr. Ar stáitse, beidh **Macdara Ó Fátharta, Caitlín Ní Chualáin, Sonia ní Oibicín, Jimmy Ó Ceannabháin, Mairi Smyth, Jayne McLeod, Griogair Ó Labhruidh, Johnny Óg Connolly, Síle Denvir** agus go leor eile.

Beidh díomá ort má chailleann tú é seo! Féach lth.



Ceara Conway

Taispeántais

**Ó Ghlúin go Gloine –
Séipéal an Ghoirt Mhóir – Dé
Sathairn 30 M.F. 7.00**

Seo taispeántas an-speisialta a bheas dá sheoladh i Séipéal an Ghoirt Mhóir ar an Satharn 30 Meán Fómhair ag 7.00.

Is sraith de chúig phainéal gloine daite atá ann a rinne grúpa as Rosmuc faoi stiúir an ealaíontóra gloine **Ceara Conway**. Siad an cúigear a rinne na painéil ná **Mairéad Ní Chonaire, Tommy Khaté Ó Mainín, Lisa Ní Chualáin, Bernie Seoige** agus **Máire Seoige**. Tá na painéil bunaithe ar sheanchas agus stair áitiúil an cheantair. Bailíodh an seanchas seo ó bheirt bhan, **Nan Thomáis Bhig Uí Ní** agus **Cevan Sheáinín Uí Ní**. Bhásaigh Cevan ó tosaíodh ar an tionscnamh seo, Go ndéana Dia maith uirthi. Sé **Jackie Mac Donncha**, an file agus scríbhneoir as Cill Chiaráin a bhí i mbun an tseanchas a bhailiú. Chomh maith leis na painéil ghloine, beidh leabhrán dá sheoladh a mbeidh an seanchas agus na painéil léirithe ann.

Sí **Ríonach Uí Ógáin** ó Roinn Bhéalóideas Éireann a sheolfas an taispeántas.

Beidh an taispeántas oscailte don phobal i rith seachtain na féile.




**“Cladach & Claíocha” le
Aoife Casby – Ionad Sláinte
na Ceathrún Ruaidh - Dé
Luain 2 D. F. -7.00**

Is as Clár Chlainne Mhuiris i Maigheo i Aoife Casby ach tá sí ina cónaí sa gCaorán Beag, An Cheathrú Rua anois. Rinne sí staidéar ar an ealaín sa GMIT i nGaillimh. Bhí taispeántais aici in áiteanna éagsúla, ina measc in Ospidéal Ginearálta Chaisleán an Bharraigh, i Halla na Cathrach Clár Chlainne Mhuiris, in Áras na nGael, Gaillimh mar chuid de Project '06. Bhí obair léi féin agus le daoine eile ar taispeáint i Kenny's, Gaillimh freisin chomh maith le go leor áiteanna eile.

Mar a fheictear sa taispeántas seo, tá Aoife go mór faoi thionchar a timpeallachta – an fharraige, an spéir, an tírdhreach, na claíocha agus an cladach. Deir sí go bhfuil cinnteacht ag baint leis an timpeallacht san áit ina bhfuil sí ina cónaí. ‘Tá a fhios agat gur i gConamara atá tú,’ a deir sí ‘mar gheall ar na dathanna agus gach a bhfuil le feiceáil agat gach nóiméad den lá agus gach lá den bhliain. Ach ag an am céanna coinníonn an spéir, na scamail, an t-uisce agus an solas orthu ag athrú agus ansin go tobann bíonn radharc agus pictiúr nua amach romhat.’

Cén fáth go dtaitníonn péinteáil amháin le duine le hais ceann eile? Cén teorann atá leis an ábhar a bhíonn á úsáid ag an ealaíontóir? Cén tionchar atá ag samhlaíocht an ealaíontóra ar an táirge? Cén tionchar atá ar an gcaoi a bhfeictear rudaí dó nó di ar an bpictiúr a tharraingíonn siad? Tá cuid de na freagraí sin le fáil sna pictiúir seo.




Cré na Cille
Máirtín Ó Cadhain

Seoladh CD **Cré na Cille – Tír na nÓg, Indreabhán - Dé Sathairn 30 M.F.**

I 1973, chóirigh Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha leagan drámatúil de **Cré na Cille** do Raidió na Gaeltachta. Ghlac an scoth d’aisteoirí Chonamara páirt ann agus bhí clár de sé dhuine fhichead ag obair air. Mar chuid den cheiliúradh ar bhreith an Chadhnaigh i mbliana, rinne Máirtín Jaimsie Ó Flaithbheartaigh athchóiriú ar an leagan drámatúil raidió seo agus craoladh an athuair é. Tá an leagan seo foilsithe anois ag **Cló Iar-Chonnachta**, i gcomhar le **RTÉ Raidió na Gaeltachta**, ar ocht gcinn de dhlúthdhioscaí.

Seo an leagan a bheas dá sheoladh i dTír na nÓg (Tigh Tommy) agus ba chóir go mbeadh an-oíche ann.

Beidh Josie Ó Ceannabháin agus a chairde ag ceol i ndiaidh an tseolta.



Josie Sheáin Jeaic

Seisiún Sean-nóis Tigh Kheane, Cill Chiaráin - Dé Sathairn 30 M.F. 9.00

Bíonn an seisiún sean-nóis seo Tigh Kheane ar an Satharn deireadh den mhí. Sé Josie Sheáin Jeaic atá ina bhun agus é ag déanamh an-job de.



Trevor Ó Clochartaigh

Siamsa na nAosach - Domh .1 Deir. Fómh. ag 2.30/ Dé Céadaoin 4 D. F. 1.00

Beidh seisiún dá reachtáil don seandream in **Áras Mhic Dara**, An Cheathrú Rua agus in **Áras Charna** ar an Domhnach 1 Deireadh Fómhair ag 2.30. Sé **Trevor Ó Clochartaigh** a bheas i mbun an tseisiúin in Áras Mhic Dara agus sí **Nóirín Ní Shúilleabháin** a bheas ag seasamh an fhóid in Áras Charna. Beidh ceoltóirí agus damhsóirí i gcomhlúadar na beirte seo agus ba cheart go ndéanfadh sé an-trathnóna thoir agus thiar. Beidh teacht le chéile do na **hIonaid Iae** ag 1.00 Dé Céadaoin in Óstán na Páirce. Beidh Sonnaí Choilm Learaí ag cur an cheoil ar fail agus sí Sarah Uí Mháille a bheas ina Bean an Tí



Comórtas Damhsa ar an Sean-nós – An Chistin, An Cheathrú Rua – Domhnach 1 Deir. Fómh. 6.30

Ceann de imeachtaí an Phléaráca is mó a mbionn caint agus tóir air. Athraíodh go trathnóna Domhnach é an bhliain seo caite agus níor chuir sé maolú ar bith ar uimhreacha an lucht leanúna ná na n-iomaitheoirí. Bíonn an choimhlint gear i gconaí do **Chorn Mháirtín Beag Uí Ghríofa**. Ar ndóigh is do dhaoine ós cionn 18 bliain an comórtas seo. Beidh **Colm Ó Méalóid** ina Fhear an Tí agus bí cinnte go ndamhsóidh sé féin steip sula mbeidh an oíche thart. Beidh **Johnny Connolly** ar an mbosca ceoil ag tionclacan na ndamhsóirí. Beidh an painéal moltóirí dá roghnú as an lucht feachana mar atá déanta le cupla bliain agus is córas é seo nach bhtuair éinne aon locht air go dtí seo. Bigí ann luath chun suíochán a fháil!!!




Colm Ó Méalóid



Johnny Connolly



Seosamh Ó Cuaig, Donncha Ó hÉallaithe agus Connie Ní Fhátharta



Cead Cainte - Diaspóireacht i gcuimhne Mháirtín Uí Chadhain – Óstán an Dóilín - Máirt 3 Deir. Fómh. 8.00

Tá an diaspóireacht seo dá eagrú mar chuid de cheiliúradh 100 Bliain an Chadhnaigh. Structúr an chláir teilifíse *Ceisteanna agus Freagraí* a bheas ar an oíche. Ar an bpainéal beidh **Donncha Ó hÉallaithe**, **Máire Ní Fhinneadha**, **Seosamh Ó Cuaig**, **Seán Ó Cualáin**, **Darach Ó Scolai** agus **Connie Ní Fhátharta**. Sí **Gormfhlaith Ní Thuairisg**, iriseoir le RnaG a bheas ina cathaoirleach don oíche. Beidh fáilte roimh an pobal ar fad chuige seo chun a gcuid ceisteanna a chur agus a gcuid tuairimí a thabhairt.



Meaití Joe Shéamuís

Seisiún - Tigh Pheadair Mhóir – Céadaoin 4 Deir. Fómh. 9.00

An-áit le haghaidh seisiún ceoil é Tigh Pheadair Mhóir ar an mBánrainn.

Is iad an grúpa as Conamara a chuaigh go Leodhais na hAlban i rith an tSamhraidh a bheas ag ceol agus ag damhsa – orthu sin tá **Johnny Mháirtín Learaí**, **Annie Devaney**, **Pádraig Ó Flatharta**, **Tommy Mellett**, **Máirtín Tom Sheáinín**, **Sarah Uí Mháille**, **Éanna Mac Cába**, **Patricia Ní Fhátharta** agus **Meaití Joe Shéamuís** a bheas ina Fhear-an-Tí don oíche chomh maith.

Seisiún Tigh Mhorain, Carna – Déardaoin 5 Deir. Fómh. 9.00

Áit bhreá eile le haghaidh seisiún ná Tigh Mhorain agus siad **Clann Sonáí Choilm Learaí** a bheas ag ceol anseo. Ba cheart go mbeadh an-oíche ann. Ná cáilligí é!

Maratón na gCurach – Sathairn 7 Deir. Fómh. 3.00

Is ó Ghlais na nUamhan go
Béal an Daingin a bheas
Maratón na gCurach

i mbliana. Beidh na curachaí
ag teacht le chéile i nGlais na
nUamhan ag 3.00. Cuirtear an-
spéis sa Maratón seo a bhíonn
ar bun i gconaí i gCuan an Fhir
Mhóir. Beidh lucht na
gcurachaí ag teacht le chéile
ina dhiaidh sin i dTeach an
Daingin le haghaidh sóláistí
agus ar ndóigh le haghaidh
obair an lae a phlé.



Turas ar an Artach - Taispeántas Sleamhnán le Paddy Barry - Sathairn 7 Deir. Fómh. 3.00

Beidh an taispeántas seo ar
bun i dTeach an Daingin i
ndiaidh Maratón na gCurach.
Ba cheart go mbeadh an-spéis
ag lucht báid agus farraige
anseo agus ar ndóigh ag
daoine nach iad. Léiríú a bheas
ann ar thuras eachtraíochta
farraige eile a rinne Paddy
Barry agus a chriú suas ó
thuaidh go dtí an Artach agus
iad ag iarraidh seoladh soir ó
thuaidh den Rúis.



Ursula Ní Mhuiri

Imeachtaí Sna Scoileanna

Beidh na himeachtaí sna
scoileanna bunaithe ar
An Leabhar Mór. Beidh
scribhneoir agus

ealaiontóir ag cur tús le
tréimhsí cónaitheacha i
scoileanna Chonamara i
rith seachtain na féile
bunaithe ar An Leabhar
Mór.

Beidh Colette Nic
Aodha, file ag cur tús le
tréimhsí cónaitheacha
ocht seachtainí i
nGairmscoil an
Phiarsaigh, Rosmuc agus
i gColáiste Cholmcille,
Indreabhán. Tá Proiseact
nan Ealan, Albain agus
Éigse Éireann ag
déanamh maoiniú ar an
obair seo.

Beidh an t-ealaiontóir
Ursula Ní Mhuiri as Cois
Fharraige ag obair le
Bunscoileanna Cheantar
na nOileán. Beidh Ursula

ag tabhairt cúnamh do
na páistí scoile chun
saothair ealaine a
chruthú bunaithe ar a
gcuid amhráin agus
filíocht áitúil féin.
Leanfaidh an obair seo ar
aghaidh go Nollaig agus
ag an deireadh beidh
gasúir Cheantar na
nOileán in-ann a Leabhar
Mór féin a chruthú. Beidh
an obair seo dá mhaoiniú
ag Ealaín na Gaeltachta
agus ag An gClár
Críochnú Scoile.

Beidh pacáistí eolais
faoin Leabhar Mór dá
roinnt ar na scoileanna
uilig i gConamara.



Siopa an Phobail

Coill Rua
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Fón 091 593020
Facs 091 593338



SuperValu Indreabhán

SuperValu

Siopadóireacht mar is cóir

Cúrsa Nua Gaeilge



Séideán Sí RANG 2

An ceathrú haonad den chúrsa nua Gaeilge **Séideán Sí** atá á cur
ar fáil chun freastal ar scoileanna Gaeltachta agus ar scoileanna
lán-Ghaeilge. Oiriúnach le húsáid i scoileanna eile chomh maith
óir tá sé bunaithe ar théamaí an Churaclaim Bhunscoile (1999). Tá
an chéad trí aonad de **Séideán Sí** - Naíonáin Bheaga, Naíonáin
Mhóra, Rang 1 - á n-úsáid i mórchuid scoileanna anois agus
iomrá orthu de bharr réimse agus chaighdeán na n-ábhar atá
iontu.

Tá an t-aonad nua seo ar chomhchaighdeán leis na trí aonad eile
agus forbairt déanta ar na téamaí éagsúla lena gcur in oiriúint do
dhaltaí Rang 2.

Tá an cúrsa nua seo á ullmhú ag Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na
Gaeilge. Is comhthionscadal é Séideán Sí idir An Roinn
Oideachais agus Eolaíochta agus Foras na Gaeilge.

- 1 Chúrsa Comhtháite Gaeilge
(Leabhar an Oide D)
- 1 Mo Leabharsa - Leabhar an Dalta D
(Leagan Connachtach, Muimhneach,
Ultach)
- 3 Leabhar Mhóra
- 8 Leabhairín - Céim 1 (2 phacáiste)
- 8 Leabhairín - Céim 2 (2 phacáiste)
- 8 Leabhairín - Céim 3 (2 phacáiste)
- 7 bPóstaer
- 23 Pictiúrghárta
- 4 Dhlúthdhiosca


- Leabhairíní Séideán Sí:
Moltaí - Leabhrán don Oide + 6CD
- Seastán do na Póstaer /
Na Leabhair Mhóra
- 1 Cluichí Focal
- 155 Preabghárta
- 1 Ag Obair Liom
(Leabhar an Dalta D)
- 1 Leabhar Cúnta an Oide D
(Ag Obair Liom)
- 5 Phóstaer don Lítearthacht

ISBN 1-85791-653-9 €245

Le ceannach i siopaí leabhar nó le hordú tríd an bpost ó:
An Siopa Leabhar, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.
(01) 478 3814 ansiopaleabhar@eircom.net

© AN GÚM

CATALÓG AR FÁIL (01) 889 2800
angum@forasnagaeilge.ie www.gaeilge.ie



Foras na Gaeilge

Gradam an Phléaráca '05



Seo cuid de Choiste Choláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh, Rosmuc nuair a bronnadh Gradam an Phléaráca orthu ag seoladh Fhéile Phléaráca 2005. Ó chlé tá Máirtín Tom Sheáinín (Fear an Tí don seoladh), Máire Uí Chonaola, Colm Ó Mainín, Máire Seoige, Mick Lally (a sheol an fhéile), Breandán Ó Cnámha, Anna Uí Mhainín, Eileen Bairéad, Treasa Uí Chonaire, Tomás Ó Máille. Bhí an gradam tuillte go maith ag an gcoiste seo mar go raibh sár obair déanta acu le cúpla bliain roimhe sin ag bailiú airgid agus ag cur pleananna le chéile chun an Choláiste a athógáil. Osclaíodh doirse an Choláiste nua i Samhraidh 2005 do na coláistí Gaeilge. Ó shoin, bíonn Ionad Lae don seandream ag teacht le chéile ann go seachtainiúil, is ann atá an naíonra lonnaithe agus bíonn ranganna agus imeachtaí sóisialta don phobal ar bun ann. Is buntáiste mhór do Rosmuc áis mar seo a bheith sa gceantar. Go mba fada buan chuile dhuine a raibh baint aige nó aici lena chuir ar fáil.

“Aifric” – Óige Chonamara ar an Teilifís

Tá sraith nua don óige coimisiúnaithe ag TG4 chun a gcéad deich mbliana ar an aer a cheiliúradh. Anseo tugann duine de scríbhneoirí na sraithe **Tadhg Mac Dhonnagáin** léargas ar céard atá i ndán dúinn ar an scáileán.



Chun tosaigh: Cliona Ní Chiosáin, Gráinne Bleasdale.

Dara Sraith: Léan Bán Bhreathnach, Gráinne Pollak, Tomás Ó Riada, Máirín Ní Ghaora, Sláine Hutchinson, Céitilis Ní Bheaglaioch.

Ar chúil: Eoghan Ó Dubhghaill, Colin Murray, Cárthach Bán Breathnach, Josef Hrehorow, Luke Ó Riada, Áine Ní Ghábháin, Aisling Ní Chonghaile, Nóra Ellen Ní Chualáin, Fiona agus Tríona Ní Chualáin, Pádraig Ó Tuairisg, Nathan Walshe agus Aoige ní Ghiollabháin.

An samhradh seo, i stiúideo scannán ar an Tulaigh, chaith os cionn trí scór duine óg trí mhí ag aisteoireacht os comhair ceamara. Is as Gaeltacht Chonamara formhór na n-aisteoirí óga seo. Bhí siad ag glacadh páirte i gceann de na chéad sraitheanna drámaíochta teilifíse a rinneadh riamh sa tír seo, i nGaeilge nó i mBéarla, do dhéagóirí. “Aifric” atá mar theideal ar an tsraith agus feicfear ar TG4 é amach sa bhFómhar.

Beidh trí chlár déag leath uair an chloig sa tsraith. Telegael, comhlacht léiriúcháin an Spidéil a bhfuil aithne i bhfad is i ngearr orthu atá mar léiritheoirí ar an gclár agus Paul Mercier, duine de na drámadóirí is mó taithí in Éirinn atá i mbun stiúrtha.

Thosaigh mé féin ag plé le taobh na cumadóireachta den tsraith breis is dhá bhliain ó shin, nuair a thug Micheál Ó Domhnaill cuireadh dom a bheith páirteach in iarratas a bhí á chur isteach chuig TG4, le sraith do dhaoine óga a chruthú. Sé Michéal an té atá i gceannas ar chláracha nua a fhorbairt don chomhlacht Telegael sa Spidéal. Thug sé cuireadh comh maith do Phaul Mercier (fear atá ag cur faoi ar an gCeathrú Rua le cúpla bliain anuas) a bheith páirteach.

An treoir a bhí faighte ó TG4 againn ná a bheith ag cuimhniú ar chlár a bheadh cineál cosúil le leithéidí “Malcolm in the Middle” nó “Lizzie Maguire”. Cláracha iad sin a chuireann síos ar shaol déagóirí agus ar an ngaol atá ag na carachtair lena muintir, lena gcairde ar scoil (agus lena naimhde!) agus

leis an bpobal go ginearálta. Ní hionann agus sobalchláracha ar nós "Eastenders" nó "Ros na Rún", tá béim mhór ar an ngreann sa dá shraith a bhí luaite. Bhí fonn ar an triúr againn a chum "Aifric" tabhairt faoi shraith den sórt sin.

Tar éis cúpla cruinniú a chaitheamh ag plé ár gcuid smaointe, bhí bunphlean garbh againn agus chuir muid é sin faoi bhráid TG4. D'éirigh leis an iarratas s'againne agus bhronn TG4 airgead forbartha orainn le scéalta a chumadh don tsraith.

Nuair a bhí foireann bheag scríbhneoirí curtha i dtoll a chéile againn agus na scéalta cumtha, chinn TG4 ar trí script déag a choimisiúnu. Tosaíodh ar na scrípteanna sin a scríobh i dtús na bliana 2005. Faoi am sin, bhí Micheál Ó Domhnaill, a chomhghleacaí Lucia Gavin agus foireann Telegael tar éis bóithre na tíre a thaisteal, ag cuartú aisteoirí óga le páirt a ghlacadh sa tsraith. Eagraíodh éisteachtaí anseo san Iarthar, i nDún na nGall, i gCúige Mumhan agus i mBaile Átha Cliath chomh maith. Chuir breis mhaith agus míle duine óg ar fud na tíre isteach ar na héisteachtaí agus as sin, roghnaíodh an trí scór duine a ghlac páirt sa taifeadadh ar an Tulaigh. Ina measc tá Grainne Bleasdale ó Bhaile na hAbhann, Dónal Ó Héalaí ó na hAille, Léan agus

Cárthach Bán Breathnach agus Eoin Ó Dubhghaill ón gCathair, Máirín Ní Ghaora ó Charna, Sláine Hutchinson agus Céitilís Ní Bheaglaíoch, beirt chailín ó Ghaeltacht Chiarraí agus Clíona Ní Chiosáin ó Bhaile Átha Cliath i bpáirt "Aifric".

Cuireann "Aifric" síos ar chailín sna déaga a bhogann siar go hIarthar na hÉireann lena muintir. Is ann a chuireann sí aithne ar chailín áitiúil, Sophie, atá mar dhlúthchara aici. Cuireann sí aithne chomh maith ar raicleaichín ghránna, Claudia, a bhíonn i gcónaí ag iarraidh trioblóid a tharraingt. Tá triúr leads sa scoil chomh maith, Maidhc, Jimín agus Bertie, a bhíonn ag diabhlaíocht agus iad ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar na múinteoirí. B'fhearr leis an bpríomhoide, an Máistir Ó Tuathail, bheith áit ar bith seachas ar scoil. Tá croí Iníon Uí Chlochartaigh, múinteoir óg, idéalach briste, agus í ag iarraidh aird na scoláirí a dhíriú ar an ábhar fíospéisiúil a bhíonnas ar bun aici féin – Oideachas Saorántachta, Sóisialta agus Polaitiúil. Maidir leis an múinteoir eolaíochta, an Máistir Ó Céide, níl tada ina chloigeann siúd ach bheith ag rith i ndiaidh Iníon Uí Chlochartaigh.

Dhá dhonnacht iad cúrsaí ar scoil, bíonn ar Aifric cur suas lena muintir féin

sa mbaile chomh maith. Is cineál *hippy* a máthair, Janis. Cuntasóir crúgach é a daid, Tom, ar maith leis bheith ag casadh rock 'n roll lena bhanna ceoil, ina chuid ama saor. Agus bíonn deartháirín beag Aifric, Traolach ag cur isteach uirthi go síoraí lena chuid pleananna aisteacha leis an saol a dhéanamh níos fearr don teaghlach agus don domhan mór ina thimpeall.

Bhí obair dhian ag baint leis an taifeadadh, a lean ar aghaidh ar feadh trí seachtain déag. Tógadh seiteanna móra sa stiúideo ar an Tulaigh - an scoil a bhfuil Aifric ag freastal uirthi, Pobalscoil Leitir Láir; a teach, a seomra codlata agus an chipper áitiúil, Tigh Bhaba.

Dom féin mar scríbhneoir, bhí draíocht ag baint le siúl thart ar na seiteanna seo den chéad uair, ag feiceáil na seomraí seo os mo chomhair nach raibh iontu go dtí sin ach smaointe ag snámh thart i mo chloigeann le dhá bhliain anuas, sular thosaigh an lucht deartha á leagan amach.

Ba mhar a chéile an scéal agus mé ag castáil ar an bhfoireann aisteoirí, ag tabhairt faoi deara an bealach a bhí acu lena dtuiscint féin ar an script a chur in iúl ina gcuid aisteoireachta. Maidir leis na haisteoirí óga, ní raibh taithí ar bith ag a bhformhór ar an drámaíocht teilifíse. Ach tháinig siad isteach ar an gceird gan stró agus creidim féin go bhfuil siad chomh maith agus níos fearr le haisteoir ar bith dá n-aois atá feicthe agam ar Nickelodeon ná ar an Disney Channel. Bhí foireann den scoth ag plé leis an scannánaíocht, idir chríú ceamara, lucht deartha, lucht feistis agus foireann eagarthóireachta. Is ón taobh seo tíre cuid mhaith de na daoine seo, teicneoirí a bhfuil an-scil acu sna gnéithe éagsúla den cheird a mbíonn plé acu leo, rud a léiríonn an fhorbairt atá tagtha ar an tionscal teilifíse sa taobh seo tíre ó tháinig TG4 ar an bhfód deich mbliana ó shin.

Maidir leis an stiúrthóir, ní fhéadfaí sárú Phaul Mercier a fháil – fear a bhfuil an t-uafás taithí aige ar oibriú le daoine óga, mar dhrámadóir agus mar mhúinteoir, fear a bhfuil samhlaíocht iontach aige agus é ag plé le script, agus fear a bhfuil fuinneamh aisteach ann. Is beag stiúrthóir a thabharfadh faoi trí cinn déag de dhrámaí teilifíse a stiúru, ceann i ndiaidh a chéile agus caighdeán chomh hard a bhaint amach ó thús deiridh. Seachas rud ar bith, tá acmhainn iontach grinn sa bhfear, rud a bhí riachtanach leis an jab seo a dhéanamh ó thús deiridh.

Is mar chuid de cheiliúradh deich mbliana TG4 a bheidh "Aifric" á chraoladh, ag tosú thart ar Oíche Shamhna. Bíg ag faire!

TG4 ...TnaG...Teilifís na Gaeltachta

Beidh TG4 deich mbliana ar an aer an Oíche Shamhna seo teacht. Bunaíodh an stáisiún i 1996 de bharr feachtas láidir ar cuireadh tús leis i 1987. Chuir muid ceist ar chuid den dream a bhí páirteach sa bhfeachtas sin, iad siúd a bhí páirteach sa gcráoladh bradach as Rosmuc i 1987 agus sa bhFeachtas Náisiúnta Teilifíse ina dhiaidh sin, céard a cheap siad de TG4 anois théis na deich mbliana seo caite?



ó chlé Piaras Ó Gaora, Colm O Mainín, Norbert Payne, Bob Quinn, Joe Mac Donnacha - ag fáil réidh don chraoladh bradach ó Chnoc Mordáin i 1987. (pic: Archiva Chonamara)

"Éacht chraoltóireachta ab ea TG4 a chur ar an aer i 1996 agus tá go leor bainte amach ag an tseirbhís ó shin, ó thaobh lucht féachana a mhealladh agus a choinneál. É sin ráite, creidim go bhfuil sé thar am breathnú go fuarchúiseach ar roinnt nithe: bunfhealsúnacht na seirbhíse maidir leis an nGaeltacht, polasaí maidir le fotheidil Bhéarla a usáid go forleathan, a laghad Ghaeilge a usáidtear le linn próiseas déanta na

gcláracha Gaeilge a choimisiúnaítear do TG4. Do réir mo thaithí, sí an Bhéarla is mó a usáidtear mar theanga oibre agus cláracha á ndéanamh, fiú amháin sa Ghaeltacht agus is in olcas atá an scéal ag dul."

Donncha Ó hEallaithe, Indreabhán duine den Mheitheal a chuir an stáisiún bradach "Teilifís na Gaeltachta" ar bun i Ros Muc sa bhliain 1987.

Páraic Ó Conaola

Conraitheoirí Tógála & Leictreachais

Tionscail - Baile - Gnó

**Sreangadh & Athshreangadh
Córais Alárm Tine Córais Cáblaí
Soláthraí Oifigiúil Dexpan**

Gairfean, Rosmuc, Co na Gaillimhe

Teil: 091-574142 Fón Póca: 087 2481233

“Sé mo bharúil faoi TG4 anois ná gur staisiún é atá ag dul i bhfeabhas i gconaí. Baineann mé taitneamh as cláracha ar nós “Fíorscéal” agus “Séideán Staire”, ceapaim gur cuid de na cláracha teilifíse is fearr iad seo atá le fáil ar staisiún ar bith. Clúdaíonn TG4 an nuacht agus an sport go maith ach ba mhaith liom dá mbeadh níos mó nuacht áitiúil air.

Cuid de na míbhuntáistí a fheicim ar an staisiún ná go mbíonn go leor seanscannáin air go minic agus ar éigin tada nua-aimseartha. Freisin déantar drochaistriúcháin agus canúint ar chláracha teilifíse gasúir agus tá sé deacair iad a thuiscint ní amháin do ghasúir ach do dhaoine fásta chomh maith – ní cheapaim gur Gaeilge nádúrach a chuirtear ar na cláracha seo.”

Micko Ó Conaire, Rosmuc, duine den mheitheal a chuir an staisiún bradach “Teilifís na Gaeltachta” ar bun i Ros Muc sa bhliain 1987.

Nuair a bhí díospóireacht náisiúnta ar siúl faoi bhunú bealach teilifíse nua, an argóint ba mhó a bhí ar a shon ná an géargá a bhí ann go mbeadh a laochra teilifíse féin ag páistí agus ag déagóirí a bhí á dtógáil trí Ghaeilge.

Tá an-mholadh ag dul d’fhoireann agus do bhainistíocht TG4 as ucht na laochra sin a chur ar fáil. Cé a chreidfeadh 10 mbliana ó shin go mbeadh a leithéidí agus Hiúdaí, Hector, Dáithí Ó Sé agus Áine Ní Dhiroighneáin mar laochra, ní hamháin ag lucht na Gaeilge, ach ag aos óg na tíre i gcoitinne.

Go deimhin féin, an tseachtain seo beidh níos mó cláracha Gaeilge do pháistí á gcráladh ar TG4 ná mar a cráladh ar RTÉ san iomlán sna trí bliana idir 1987 agus 1990.

Comhgháirdeachas le TG4!
Ciarán Ó Féinneadha’ BAC, ball den Fheachtas Náisiúnta Teilifíse

Rinneadh obair mhór leis an staisiún a thabhairt ann ach sílim go ndearna muid ar fad faillí ó shin sa méid is nach ndearna muid léirmheas fírinneach, leanúnach ar an gcúis ar bunaíodh an tseirbhís agus ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leo. Fealsúnacht an staisiúin an rud is tabhachtaí sa deireadh. Déarfainn gur fearr go mbeadh cupla bonnchloch faoin bhfealsúnacht sin:

Ómos do phobal na Gaeilge agus do dhream ar bith atá báúil leo.

2.Meas ar Stair na hÉireann

Meas ar an nGaeilge mar Mheán Chumarsáide

A thuiscint nach ionann a bheith nua-aimseartha agus géilleadh do chuile fhaisean dá dtagann an bealach.

Droim láime a thabhairt do “bheibeachas” agus do “lad-achas”

“Súil Eile” a bheith ann dháiríre, thréis dhúinn a shocrú céard a chiallaíonn an téarma sin.

Seosamh Ó Cuaig, Cill Chiaráin, duine den mheitheal a chuir an staisiún bradach “Teilifís na Gaeltachta” ar bun i Ros Muc sa bhliain 1987.

I 1987 bhí mé ar chúrsa innealtóireacht leictreonach i nGaillimh nuair a d’iarr an tUasal Bob Quinn orm an mbeadh suim agam a bheith páirteach sa gcráladh bradach - sin “Teilifís na Gaeltachta” a chraoladh beo daite ó Fhéile an Oireachtais i Ros Muc.

B’iontach an dúshlán a bhí ann, dhá tharchuradóir a chur le chéile, ceann sa halla chun tarchur a dhéanamh ón halla i bhfoirm bíoma i dtreo an tsléibhe agus ceann ar bharr an tsléibhe. Bhí innealtóir iontach eile linn Norbert Payne, agus d’fhoghlaim mé an oiread uaidh ó thaobh cúrsaí teileachumarsáide, stiúideoanna, fuaim agus srl. D’oibrigh mé le TnaG nuair a bhí sé dá shocrú suas i

1996, bhí mé ann ar feadh cheithre bliana. Sílim gur tharraing na hoibrithe as na gaeltachtaí éagsúla le chéile thar cionn an t-am sin chun go leor constaicí teicniúla a sharú. Maidir leis an staisiún anois, ní dóigh liom gur cheart an t-ainm a bheith athraithe ó TnaG go dtí TG4. Tá inní orm go bhfuiltear ag imeacht ón aidhm a bhí ag an ngrúpa a thosaigh an feachtas. Níl a dhóthain béime ar chláracha áitiúla Gaeltachta agus tá an iomarca Béarla ar an staisiún

Joe Mac Donncha (Joe Chólman), An Cheathrú Rua - duine den mheitheal a chuir an staisiún bradach “Teilifís na Gaeltachta” ar bun i Ros Muc sa bhliain 1987.

Ceapaim gur iontach an rud é gur bunaíodh TG4. Tá sé ag tabhairt deiseanna iontacha fostaíochta do mhuintir na Gaeltachta, ins an staisiún féin agus freisin ins na comhlachtaí atá bunaithe chun cláracha a dhéanamh don tseirbhís. Tá cláracha breátha déanta ag leithéide Sheáin Ó Cualáin as Cill Chiaráin, Macdara Ó Curraoin as an Spidéal agus go leor eile. Tá muintir na Gaeltachta le feiceáil ar an scáileán agus iad chomh cumasach spéiriúil le dream ar bith ar fud an domhain - Aoife Ní Thuairisg, Síle Ní Bhraonáin, Emer Ní Chonaola, Mairéad Ní Chuaig, Dáithí Ó Sé - thógfadh an liosta iomlán an iomarca spáis. Is súil eile é. Tá an bhéim a chuirtear ar an gceol traidisiúnta agus ceoltaí eile thar barr. An taon inní a bheadh orm faoin staisiún ná go bhfuil an iomarca Béarla air, caithfear tabhairt faoi é seo a laghdú nó ní bheidh ann ach staisiún eile Béarla. Bíonn na scannáin eachtrannacha oíche Dé hAoine an-mhaith!!

Peigí Ní Chonghaile, Cor na Rón Láir- duine den mheitheal a chuir an staisiún bradach “Teilifís na Gaeltachta” ar bun i Ros Muc sa bhliain 1987.

An Craiceann is a Luach

An Coinníoll Teanga - Déanann Trevor Ó Clochartaigh ainilís ar a bhfuil ag tarlú.

uaigh na focla 'coinníoll teangan' le cuid mhaith de bhunú Chonamara agus beidh siad ag únfairt is ag osnaíl, drogall orthu go bhfuil fút léacht a thabhairt dóibh ar ábhar doiléir - nach bhfuil suim ach ag gníomhairí Gaeilge, polaiteoirí beaga agus corr 'ghealt' eile iontu.

Ach, dá ndéarfá le daoine go raibh tú chun deireadh a chur leis an tacaíocht airgid do choláistí samhraidh bheadh an pobal céanna ar mire, nó dá ndéarfá leo nach raibh siad i dteideal deontais feabhsúchán tithíochta nó bóithre áise ó Roinn na Gaeltachta feasta, bheadh muid ag máirseáil ar an gceannáras sna Forbacha amhail is go raibh ár gcearta sibhialta dhá shéanadh arís. Ach, sin an rud a d’fhéadfadh tarlú amach anseo muna mbeidh muid ar an airdeall.

Tá pobal iontach Gaelach againn i gConamara. Daoine breátha, cine uasal, a bhfuil féiniúlacht faoi leith acu, atá fite fuaite leis an tírdhreach ina maireann muid agus atá bródúil as an sliocht dár díobh muid. Tá omós do nósmaireacht, teanga agus traidisiún ár sinsir ach tá casachaí nua á bhaint freisin as an teanga, an ceol, an oidhreacht agus na cleachtais phobail eile a ghabhann léi.

Ar bhealach, sílim go bhfuil daoine áirithe ag



Trevor Ó Clochartaigh

iarraidh an craiceann 's a luach nuair a thagann sé go dtí cúrsaí cultúrtha agus teangan sa nGaeltacht. An luach is mó atá ag cuid acu ar an nGaeilge ná an luach eacnamaíochta gur féidir a bhaint aisti ó thaobh ioncam as gníomhaíochtaí teangalárnaithe. Níl locht ar sin as féin. Ach nuair a iompaíonn an dream céanna ar theanga na Banríona nuair atá an t-airgead déanta, caithfidh muid ceist a chur orainn féin mar chine, cén fiúntas atá leis an ghníomhaíocht céanna sa bhfadtéarma?

Cuireann meon na n-ionadaithe pobail i leith

cúrsaí pleanála agus an Ghaeilge iontas agus díomá orm freisin. Tá inní orm nach féidir linn díospóireacht aibí oscailte a bheith againn faoin ábhar. Tá amhras orm go bhfuil cinnithe dhá nglacadh a thosódh sruth forbartha a bheas deacair a cheansú agus a athróidh dreach na Gaeltachta go deo.

Cur seo i gcomhthéacs an athrú ollmhór atá tagtha ar an tír sin againne le blianta beaga anuas agus an saibhreas neamhchleachtaithe a ghabhann leis. Cinnte, is maith an aghaidh ar an gcosmhuintir an rachmas, ach caithfidh muid a bheith cúramach faoin gcaoi a dtéann an t-airgead i bhfeidhm orainn, mar dhaoine agus mar phobal.

Tá líon na gcarranna móra galánta ar na bóithre mar léiriú an-fheiceálach ar an saibhreas nua seo. Tá glúin nua Éireannaigh ag teacht chun cinn atá faoi gheasa ag bréagáin an rachmais ar nós an nuatheicneolaíocht, caifé galánta, páirt úinéireacht i scéimeanna árasáin i dtíortha coimhthíocha, 'blueberries' agus seinnteoirí 'MP3'.

Cuireann eacnamaíocht an mhargaidh béim ar an duine aonair agus ar charnadh maoin pearsanta. Fágann seo go bhfuil muid níos boichte mar chine de bharr easpa caidreamh

daonna, easpa comhludair agus easpa aitheantais don áit as ar fáisceadh muid.

Tá gá le plé oscailte, macánta maidir leis an bpobal ina maireann muid agus an chaoi gur mhaith linn an pobal sin a fheiceáil ag fás is ag neartú. Tá gnéithe éagsúla den díospóireacht sin tábhachtach, mar shampla an infrastruchtúr fhisiciúil, soláthar oideachais agus sláinte, fostaíocht agus an eacnamaíocht - AGUS ár dteanga agus cultúr.

Ní mhór gur díospóireacht cuimsitheach a bheadh anseo a thógfadh tuairimí daoine éagsúla san áireamh - an cosmhuintir agus na

comharsain, na h-ionadaithe pobail agus poiblí, lucht an státhóras agus iadsan taobh amuigh dhi, óg, aosta, saibhir agus daibhir. Tá tuairimí chuile dhuine luachmhar agus mar a dúirt an Cadhnach 'Caithfear éisteacht'.

Caithfidh muid glacadh leis nach gcaithfear aontú faoi chuile shórt, áfach. Dá mbeadh muid ar fad ar an tuairim céanna faoi gach rud bheadh saol gan mórán chéille againn. Ach tá meon an-mhí-fhoighdeach tagtha chun cinn le ré an Tíogar Cheiltigh, go h-áirithe ó dhaoine a bhfuil beagáinín cumhachta tugtha dóibh. Is beag leo iad siúd a léiríonn malairt tuairim nó a cheisníonn an 'tuiscint

chomónta'. Ní thugtar deis ceart machnamh, le caibidil a dhéanamh, leis na h-impleachtaí a phlé. Droch chinnithe agus botúin dhá dhéanamh, an toradh a bhíonn ar obair den chineál sin.

Sílím gur saint agus cathú an bhrabhaigh ba chúis leis an brú chun an choinníoll teangan sa chóras phleanála a athrú. Ní shin bun agus barr an scéil, dár ndóigh, ach bhí daoine áirithe a raibh an aidhm sin acu ag úsáid leithscéalta agus daoine eile leis an toradh sin a bhaint amach.

Ní fhéadfaidh muid rudaí a bheith againn ar chuile bhealach. Má tá muid chun ceantar folláin Ghaeltachta a bheith againn, atá in ann an tairbhe is fearr a bhaint as na deiseanna a thagann as

cultúr bríomhar, chomhaimseartha, caithfidh muid an aeráid a chinntiú le go mbeidh an chultúr sin follasach sa bpobal agus meas ag daoine air dá réir.

Tá fhios agam go maith go bhfuil lochtaí ar chur i bhfeidhm an choinníoll teangan de bharr easpa áiseanna agus soiléireachta maidir leis an slat tomhais agus an cur chuige ó thaobh scrúdú di. Ach, níl fianaise dá laghad tugtha ag na polaiteoirí go raibh an choinníoll teangan ag coinneáil daoine amach as a gceantair dhúchais.

Tá cuid mhaith forbróirí i gConamara nach bhfuil fadhb dá laghad acu le coinníoll teangan a bheith ar a gcuid forbairtí. Ach tá dornán beag eile atá ag iarraidh fáil réidh leis chun

an brabach is airde gur féidir leo a bhaint amach, cuma cén tionchar a bhéas aige sin ar na pobail ina bhfuil na forbairtí sin lonnaithe. Bhí siad sin ag cur brú ar pholaiteoirí áirithe.

Chonaic muid chomh tapaigh is atá ceantracha cosúil le Bearna, Maigh Cuilinn agus na Forbacha ag athrú. Ní amháin go bhfuil na forbairtí ansin ag athrú an nósmaireacht teangan sna ceantair sin, ach tá sé ag athrú an comhdhéanamh pobail agus na comharsanachtaí ann chomh maith.

Ní thógfadh sé an t-uafás le h-athrú ó bhonn a chur ar bhaile beag ar bith i ndeisceart Chonamara. Tá cleachtadh againn ar fad ar chomhlúadar iomlán a bheith ag iompú ar an mBéarla nuair a thagann duine amháin isteach ann nach bhfuil an Ghaeilge ar a dtail acu. Cén chaoi mar sin ar féidir linn locht a fháil ar oidí scoile a chaithfeas iompú ar an mBéarla scaití mar nach bhfuil an Ghaeilge ar a dtail ag dornán scoláirí san rang acu? Is deacair locht a fháil ach an oiread ar na gasúir eile a iompoídh ar an mBéarla leo sa gclós scoile ar mhaithe le dea-chumarsáid agus píosa spraoi.

Ná tóg mí-cheart mé. Fearaimse na múrtha fáilte roimhe duine ar bith a thiocfas chun conaithe san nGaeltacht, cuma cé iad féin ná cé as iad.

Caithfidh muid chuile thacaíocht agus ugach a thabhairt dóibh lonnú agus meascadh sa bpobal agus

deiseanna a thabhairt dóibh an Ghaeilge a fhoghlaim. Nach 'eisiriceoir' mé féin a tháinig abhaile as Sasana gan focal Gaeilge i mo phluic agam. Murach gurb í an Ghaeilge a bhí i mbarr réime agus mar theanga an phobail san Aird Mhóir agus mé ag fás aníos, ní bheadh mé ag scríobh an alt seo anois, mar ní bheadh mé in

ann. Caitheadh neart spalláí maidir leis an gcoinníoll teangan agus an diospóireacht teasaí a bhain leis i mbliana. Caitheadh drochmheas ar dhaoine a cheistigh seasamh na bpolaiteoirí agus orthu siúd a bhfuil sé de 'dhánaíocht' acu aighneachtaí faoi chúrsaí pleanála a chur chun cinn. Ach, caithfear meabhrú nach bhfuil an dream seo ach ag ardú ceisteanna. Is iad an Bord Pleanála atá ag glacadh na cinnithe, i gcomhthéacs an reachtaíocht pleanála. Agus, is polaiteoirí óna páirtithe céanna leo siúd atá ag lochtú lucht na gceisteanna, a chur an reachtaíocht céanna sin i bhfeidhm.

Ba bhreá liom dá dtiocfadh níos mó daoine chun cinn lena gcuid tuairimí a nochtadh faoin scéal seo. Níor cheart fuacht ná faitíos a bheith orthu. Níl aon réiteach simplí ar an bhfadhb. Ach fiú má bhíonn roinnt sárú agus easaontas ann agus go dtiocfar ar leagan amach a bhéas sásúil do na pobail éagsúla, bheimse in ann glacadh leis sin – fiú muna n-aontóinn go pearsanta leis an toradh. Bíodh misneach agaibh, mar níor chaill lucht an mhisnigh ariamh é.

An mbeidh sé ann i mbliana?



Ag Aonach Mhór an Ti Dóite i dtús na seachtóidí - Jack Mór Mc Loughlin (Jack Mór na mBaraillí) agus Michael Mhaidhcó Bhreathnaigh (nach maireann). Tá caint nach mbeidh aonach ann i mbliana de bharr Tigh Pheacock a bheith dúnta.

Neylon & Company

Cuntasóirí Cairte

Páirc Teicneolaíochta na Gaillimhe

An Pháirc Mhór

Gaillimh

Iniúcháirí Cláraithe
Comhairle Airgeadais
Pleanáil Cánach
Iarratais ar dheontais Stáit agus Iasachtaí
Bunú agus rúnaíocht Comhlachtaí

Déan teagmháil ar do thoil le Joe Neylon

Teil: 091-735800

Faics: 091-765589

Ríomhphost: info@neylon.ie

Le gach dea-ghuí don Phléaráca 2006



Bean an Tigh: Therese Conroy
Scrib, Ros Muc, Conamara, Co na Gaillimhe.
Teil: 091 574139 / 087 6360039;
Ríomhphost: dunmanusbandb@hotmail.com

Ciarán Ó Conaire (Tom)

Sáile Laoi,
Ros Muc

Córais Teasa agus
Pluiméireachta

Cur isteach
agus Coiriú




087 9077759



Cló Iar-Chonnachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 Facs: 091 593362
cic@iol.ie www.cic.ie



LEAGAN DRÁMATÚIL


JOHNNY CHÓIL MHAIDHC Ó COISDEALBHA
a craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Ocht nDlúthdhiosca €40
Arna fhoilsiú i gcomhar le RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Tá rogha dlúthdhioscaí agus leabhar ar díol i siopa
Chló Iar-Chonnachta inár n-oifigí i
bPáirc Ghnó Shailearna, Indreabhán.
(trasna an bhóthair ó Choláiste Cholmcille)

CAOL DÍREACH...

go ceann scríbe!



An Ghaeilge
The Irish Language

Foghlaim
Learning

Úsáid
Using

Eolaire
Directory

Foras na Gaeilge
Foras na Gaeilge

Ní gá dul amú a thuilleadh. Tá bealach glan romhat. Pé eolas atá uait faoin nGaeilge agus a mbaineann léi, éascóidh www.gaeilge.ie do thuras.

Féach go speisialta inneall fógraíochta NASC, áit gur féidir leat:

- cúrsa/ imeacht a fhógairt nó a iarraidh,
- do shainpéis a chlárú (chun nod a fháil nuair a bhíonn eolas nua faoi ar an suíomh), nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuartú.

Tabhair cuairt agus glac páirt sa Chibear-ghaeltacht inniu!

No roundabouts here. Let the information superhighway take you where you want to go with the Irish language. Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need.

Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course/ event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood. And much more.

It's never been easier to connect with the Cyber-gaeltacht!

gaeilge.ie
your link to the language



Foras na Gaeilge

T: 1850 325 325 / 0845 309 8142 (T.É.) R: eolas@forasnagaeilge.ie

BEALACH,
Aonad 5A,
Ionad Fiontair Ruisin
na Manach,
Carna,
Co. na Gaillimhe.



AG CEANGAL DAOINE AGUS ÁITEANNA LE
CHÉILE I gCONAMARA & ÁRAINN

Is seirbhís bus áitiúil é BEALACH atá ag gníomhú i do cheantar chun deis a thabhairt do dhaoine freastal ar sheirbhísí áitiúla, mar shampla an siopa, an posta, ionad lae srl.

agus chun ceangal le seirbhísí iompair eile. Tá conradh ag BEALACH le lucht iompair áitiúil chun an seirbhís bus a chur ar fáil i do cheantar.

Chuide eolas le fáil tré glaoh a chur ar

095 32802

Uaireanta oifige Dé Máirt - Déardaoin 9m - 5m

AN TIONSCNAMH IOMPAIR TUATHE (RTI)

Teil/Facs: 095 32802



Gach rath ar Féile an Phléaráca!

Comhar Chumann Chonamara Thiar Teo

CCCTT (Co-op) Teo.

Comhar Chumann Forbartha Pobal faoi acht um forbairt sa Ghaeltacht. Bunaithe 1977.

Bainistíocht agus Riaracháin ar Maoín agus Tionscadal Pobal i gConamara Thiar theas.

Gach Rath ar

Féile an PLÉARACA 2005

Ó Scairsheabhoirí CCCTT (Co-op) Teo

Fón 095-33436/13 fx. E-Post coopct@eircom.net

Cuirfear Fáilte Uí Cheallaigh romhat chuig

Tír na nÓg

INDREABHÁN

Ceol agus Craic

Fón: 593853

Maitiú Ó Máille

Plaistéara

087 1215716

091 786140



Amharclann Chois Fharraige

Seanscoil Sailearna

Indreabhán

Co. na Gaillimhe

Fón: 091-593017

Facs: 091-593715

Ríomhphost: cst@eircom.net

1896-Tigh Mhaidhcó-2005

Rosmuc

091-574-121

Siopa agus Teach Ósta

Siopa Bia le Peitreal-Flogas-Videos&rl.

Teach Ósta le neart caint craic ceol damhsa agus ól. Gach rath ar

Feilé an PLÉARACA 2005

Cogaslann Agatha Uí Mhistéil

Pictiúir Pas agus Ceadúnais Tiomána

An Cheathrú Rua

Fón: 091-595154/595169

Facs: 091595154

Tigh pheadair mhóir

banrach bán, baile na habhann

beár

go n-éirí go geal leis an bpléaráca

Óstán na Páirce

AN SPIDÉAL
Teil: 091-553159 Faics: 091-553494

Do'd bhainis nó do'd choisir

Gach eolas ó Sineád nó John Paul

Nead Síoda

ART & TEXTILE DESIGN STUDIO

Dearthóireacht teicstíle, dathú éadach lámhphriondálte,
péintéireacht & fiodóireacht

Taipéisí, pictiúir, cartaf, marcleabhair,
gach cineál bronnantas speisialta

Hilaraí Nic Cába, Cois Locha
Dearthóir Teicstíle Gleann Mór
091-595314 An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe

Brian Clarke



Clarke Plant and Truck Hire

Glanadh suímh, dúshraith agus maide
mullaigh.

Gach cineál clocha ar díol, clocha tógála
san áireamh

Ros Muc, Co na Gaillimhe

Fón: 087 9877027



ISLAND FERRIES TEO

Riomhpost: iskand@iol.ie
www.aranislandferries.com
Seirbhís go Oileán Árann ar feadh na
blianna

M.V. Ceol ba Farraige
M.V. Aran Flyer M.V. Beanrion na
Farraige

Tuilleadh eolas le fáil / for more
information

ROS A'MHÍL: Fón: 091 572050 Facs:
091572448

12 EYRE SQUARE & VICTORIA
PLACE, GALWAY

Fón 091 - 568903 Facs 091 -
562538

Tigh Ruairí Ó Conghaile

Inis Oirr, Oileáin Árann

Teach Ósta
Siopa
Lóistín B&B

Fón 099-75002 - 75074

Óstán an Dóilín

An Ceathrú Rua
Gach cinéal O cáid
Ceol, ól & bia

Disco gach deireadh seachtaine

Séan Ó Loideáin
Fón/Faics 091 595169
e-phost sean@tijosie.com

www.tijosie.com

Taigh Mhic Dhonnchadha

Béal an Dangan

091 - 572126

Oll-Mhargadh Costcutter

An POST

Lotto Buistéara Deilí Nuachtáin

Ar oscailt

Luan - Satharn 8.00r.n. - 9.00i.n.

De Domhnaigh 9.00.n - 7.00i.n.

MIANAIGH GHLEANN GABHLA

Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-552360

Seanmhianach Luaidhe agus
Airgid ón 19ú haois

Tuais eolais gach 20 nóiméad

Siopa Dowd, Statoil

Carna Conamara 09532882

Siopa grósaera, Breosla, Gás, Gual,
ATM, Caifé agus Ceapraí

Ealaín le Aoife agus Máirín Uí Dhubhda
Cartaí Mháirín

Go n-éirí go geal le Féile Phléaraca

Cumas

Ionad Fiontair,
Ros Muc,
Co. na Gaillimhe.
091/574353
cumas@eircom.net
www.cumas.ie

Tá Cumas ar cheann de 38 Páirtíochtí sa tír atá ag cur i
bhfeidhm an Chláir Fhorbartha Áitiúil d'Áireamh
Shóisialta le airgeadú ón Roinn Gnóthaí, Pobail, Tuaithe
& Gaeltachta.

Tá cuid mhaith Cláracha, le cabhair

airgid & foirne, á reachtáil againn, a thugann tacaíocht
do Phobail

Chonamara & Árann tabhairt faoi an

míbhuntaiste & easpa deiseanna dul chun cinn. Bíonn
fáilte i gconaí ríomh teagmháil.

Oifig: 091/574122, cumas@eircom.net

Seirbhís Eolais Saoránach: An Chrannóg,
Ros Muc, 091/574122.

Oifig Oideachais Chumais: Casla, 091/506943.

mfg teo KNDP

Clár Náisiúnta Forbartha Tuaithe

Tacaíocht d'Fhorbairt Tuaithe

Gach Eolas Ó:

Deirdre Ní Churraidhín, Bainisteoir Réigiúnach, Meitheal
Forbartha na Gaeltachta Teoranta

Páirc Ghnó Shailearna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: (091) 593410

Facs: (091) 593728.

Riomhphost: mfggaillimh@eircom.net

Nioclás P. Ó Conchubhair Teo

Leitir Móir

Teil: 091 551114; Faics: 091551258

SIOPA CRUA-EARRAÍ

• PLUIMÉIREACHT • ADHMAD • EARRAÍ LEICTREACH • PÉINT

e-phost nicholasoc@eircom.net

Oireachtas na Samhna 2006

CATHAIR DHOIRE
1 - 5 Samhain 2006

NA COMÓRTAIS

Amhránaíocht ar an Sean-Nós

Rince Aonair ar an Sean-Nós * Lúibíní

Agallamh Beirte * Scéalaíocht

Dreas Cainte * Scoraíocht (Daoine Fásta)

Seó Ardáin (Daoine Óga)

Amhráin Nua-Chumtha

SPRIODHÁTA IONTRÁLA

15 Meán Fómhair 2006

GACH EOLAS

OIFIG AN OIREACHTAIS, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire
Fón: + 353 1 475 88 57 Facs: + 353 1 475 87 67 Ríomhphost: eolas@antoireachtas.ie Idirlíon: www.antoireachtas.ie

Arramara Teo.

Cill Chiaráin,
Conamara,
Co na Gaillimhe



Fón

095 33404/33417

Facs

095 33494


e-phost: info@arramara.ie

www.arramara.ie



Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 593301
Facs: 091 593303

Troscán & Soláirtí Oifige



Cartai Bainise



AON ÁBHAR ATÁ UAIT I gCÓIR NA hOIFIGE
TÁ SÉ AGAINN

Díolachán Mór Bliantúil tosnú 18ú Samhain 2006



STANDÚN

"Stòpa de'n Scoil"

An Spidéal, Co. na Gaillimhe

Fón 091-553108

Gach rath ar an bhféile

- ó Mhuintir Standún

Máire Seoige

Ros Muc

Leaba agus Bricfeasta
Loistín

091-574147



AR MUIR AGUS TÍR

Taispeántas Ealaíne

Le

Gwynth Wynn Uí Ghaora

agus

Bernie Joyce

i

Leabharlann na Ceathrún Ruaidh

30 Samhain 2006



TAIBHDHEARC NA GAILLIMHE
AMARCLANN NAISIÚNTA NA GAILLIMHE

Eolas & Áirithintí 091
563600
Taibhdhearc na
Gaillimhe, An tSráid
Láir, Gaillimh.

In Ainm an Athar

Le Joe Steve Ó Neachtain

Fuair an dráma seo an chéad duais i gcomórtas an Oireachtais sa bhliain 2005

Beidh sé le feicéal ar stáitse na Taibhdheirce
Luain 2 D Fómhair – Máirt 10 D Fómhair 2006

Cré na Cille

Le Máirtín Ó Cadhain

Cóirithe don stáitse ag Macdara Ó Fátharta

Axis Arts Centre, Baile Munna, BÁC 9.

Máirt 31 D Fómhair – Satharn 4 Samhain 2006

SEAMAIREACHT NA NOLLAG

le Peadar Cox

Domhnach 10 Nollag – Domhnach 17 Nollag 2006

www.antaibhdhearc.com

Buail isteach chuig siopa

AN SPAILPÍN FÁNACH

Ceardlann an Spidéil

T-Léinte
Hoodies
Leabhair
Ceol
Féiríní
do pháistí

Ar oscailt
chuile lá

Fón: 091-553343



Hoodies "Buachaill Dána" & "Cailín Dána" €30

An Siopa Ceoil

is fearr i gConamara



Níl aon ghá dul go Gaillimh.....
tá uirlisí ceoil den scoth ar do tháirseach

An Siopa Ceoil

Ceardlann an Spidéil, Conamara

Fón: 091-504799

T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

Grósaer, Crua-earraí,

Soláthraí Tógálaithe Éadathóireacht



Gach rath ar
obair Phléaráca don bhlian

Bank of Ireland

CALOR GAS

POST

**National
LOTTERY**

bain leas

Cibé riachtanas taisce nó infheistíocha atá agat, tá rémise leathan de roghain ag Banc na hÉireann duit

Le tuilleadh eolais a fháil, buail isteach chuig **Banc na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**, fón: (091) 524555.

Nó, dean teagmháil le Bank of Ireland 365 ag 1890 365 365 nó tug cuairt ar www.bankofireland.ie

as do chuid arigid

Bank of Ireland is regulated by the Financial Regulator.

Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

IONAD OIDEACHAIS SHEACHTRAIGH

Ceapach na gCapall

Suíomh:

Tá an t-ionad suite ar bhruach Loch Measca, le Loch Coirib ag síneadh ó dheas, Sléibhte Mhám Tuirc san Iarthar agus machairí aolchloch na Gaillimhe agus Foraoisí Stáit san oirthear. Tá Ceapach na gCapall suite i gceantar fíor álainn agus tá 15 acra tailte cóirithe mórthimpeall an ionaid chomh maith le 15 acra ar an oileán Rua, 300 méadar ó thanalacht Loch Measca.

Áiseanna:

Tá áit chodlata do suas le 100 duine ar fáil san ionad agus i dTeach Mór Cheapach na gCapall féin. Tá suanliosanna agus seomraí ar fáil, ag brath ar éileamh na ngrúpaí éagsúla. Tá áiseanna campála ar fáil sa deá láthair campála ar an suíomh. I measc na n-áiseanna eile tá seomra bia mór, seomra teilifíse, seomra le hedaí a thriomú, garraí mór do pháistí le cluichí a imirt, cúirt cispheile, deis cócaireachta faoin aer, suíomh tine champa.

Gníomhaíochtaí — Ar an suíomh

- Eachtraíocht faoin aer do ghrúpaí lae agus do ghrúpaí cónaithe
- Staidéar Dúlra: Geolaíocht, Tíreolaíocht agus Eiceolaíocht do mhic léinn iarbhunscoile agus tríú leibhéal
- Cúrsa forbartha foirne
- Cúrsaí i mBainistiú ar Oideachas faoin aer
- Curachóireacht, dreapadóireacht, rianadóireacht, seolmharcáíocht toinne agus seoltóireacht
- Snámh agus campáil
- Cúrsaí i nGaeilge
- Campaí Samhraidh

Gníomhaíochtaí — fad siúil ón ionad

- Ailleadóireacht
- Dreapadóireacht
- Siúl sléibhe
- Coireoireacht

Tuilleadh eolais ar fáil ó

Patricia Walsh (bainisteoir)

Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall

An Fháirche, Co. na Gaillimhe

Uimhir Ghutháin: 094-9546483/9546416 Uimhir facs: 094-9546705



Stáisiún leatsa, scéalta leatsa.



pobal



forbairt



teanga

cultúr



*ag obair ar son phobal
na Gaeltachta agus
na Gaeilge*



Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh

Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: eolas@udaras.ie

<http://www.udaras.ie>